An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**

Commission for
**Communications Regulation**

# Ráiteas Straitéise Bainistíochta Speictrim Raidió

2022 – 2024

## Séanadh Dlíthiúil

Ní doiciméad ceangailteach ó thaobh dlí atá sa doiciméad seo agus chomh maith leis sin níl aon chomhairle dlí, tráchtála, airgeadais, teicniúil ná comhairle d'aon chineál eile ann. Níl an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide faoi cheangal aige, ní gá go leagtar amach ann seasamh críochnaitheach nó cinntitheach an Choimisiúin maidir le hábhair ar leith. Sa mhéid is go bhféadfadh aon neamhréireacht a bheith idir inneachar an doiciméid seo agus feidhmiú cuí a fheidhmeanna agus a chumhachtaí, agus a chuid dualgas a chomhlíonadh agus na cuspóirí ábhartha a bhaint amach faoin dlí, beidh ábhar den chineál sin gan dochar do staid dhlíthiúil an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide. Níor cheart, dá bhrí sin, brath go míchuí ar ar an ábhar atá sa doiciméid seo.

# Ábhar


1. Réamhfhocal 2

2. Réamhrá 5

2.1 Cúlra agus Cuspóir 6

2.2 Struchtúr an doiciméid seo 6

3. An Creat um Bainistíocht Speictrim in Éirinn 7

3.1 Beartas Speictrim agus Bainistíocht Speictrim in Éirinn 8

3.2 Bainistíocht speictrim 9

4. Gnéithe a chuireann bonn eolais faoi phlean oibre ComReg do 2022-2024 20

4.1 Comhoiriúnú idirnáisiúnta ar speictrim raidió 21

4.2 Cinntí comhoiriúnaithe ón gCoimisiún Eorpach 23

4.3 Éileamh úsáideoirí deiridh ar shonraí soghluaiste (i.e. seirbhísí 3G, 4G, 5G) 30

4.4 Athruithe agus dul chun cinn sa Teicneolaíocht 31

4.5 Ceadúnais a rachaidh in éag go gearr 34

4.6 Earnáil an ECS agus an t-athrú aeráide 36

5. Plean oibre don Speictrim Raidió don tréimhse 2022-2024 38

5.1 Beartú tosaíochta cuí maidir leis na gníomhaíochtaí don bainistíochta speictrim sa phlean oibre 39

5.2 Plean oibre speictrim ComReg 2022 go 2024 39

Iarscríbhinn 1. Achoimre ar an gcreat dlí agus na chuspóirí reachtúla a bhaineann le bainistiú an speictrim raidió 47

# Réamhfhocal

# 1



Tá áthas orm Ráiteas Straitéise bainistíochta speictrim raidió an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide d'Éirinn don tréimhse 2022 go 2024 a chur i láthair.

Toisc gurb é ComReg an comhlacht atá freagrach as acmhainn an speictrim raidió a bhainistiú in Éirinn, tá sé freagrach as a chinntiú go ndéantar bainistíocht éifeachtach ar an speictream raidió agus go n-úsáidtear go héifeachtúil é. Is ról tábhachtach é seo de bharr go n-úsáidtear na minicíochtaí raidió chun raon leathan líonraí, seirbhísí agus feidhmchlár cumarsáide a sholáthar ar mhaithe leis an tsochaí. Tá tábhacht na minicíochtaí raidió níos soiléire ná riamh ó thosaigh an phaindéim Covid-19 toisc go raibh ar eagraíochtaí agus ar bhaill foirne a gcuid oibre a dhéanamh go cianda.

Mar gheall ar an teacht aniar a léirigh na ndaoine agus na líonraí cumarsáide a rabhamar ag braith orthu, níor raibh an tsochaí ina stad go hiomlán. Thar oíche tháinig athrú as cuimse ar an gcaoi a rabhamar ag obair, ag sóisialú agus ag maireachtáil. Bhí an speictream raidió, na líonraí agus na seirbhísí gaolmhara a chumasaíonn siad thar a bheith tábhachtach mar thacaíocht don athrú seo. Mar fhreagairt ar an gcás neamhghnách seo, chuaigh ComReg i gcomhairle maidir le ceithre shannadh sealadach de chearta úsáide speictrim sna Bandaí 700 MHz, 2.1 GHz agus 2.6 GHz agus chuir sé chun feidhme iad agus baineadh úsáid astu chun acmhainn bhreise líonra a chur ar fáil le go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an méadú a tháinig ar thrácht mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

Saincheist thábhachtach atá san athrú aeráide freisin d'earnáil na cumarsáide gan sreang. Tá cumasú á dhéanamh ag an earnáil ar dhícharbónú ar fud an gheilleagair, ón gcianobair go dtí úsáid as méadair chliste, agus beidh ról tábhachtach ag beartais speictrim ó thaobh tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis seo. In 2019,thug ComReg bronnadh an  speictrim i mbanda 400 MHz chun críche, rud a d'fhág go raibh sé ar thús cadhnaíochta san Eoraip mar a bhain le speictream a scaoileadh le n-úsáid ar na hEangaí Cliste. Tá ComReg ag súil go mbeidh ar a chumas, le linn tréimhse na straitéise seo, cur leis na hiarrachtaí atá ar bun aige dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Ba cheart go gcuirfeadh feidhmiú céimneach leanúnach na seirbhísí 5G  feabhas ar na seirbhísí leathanbhanda soghluaiste agus go dtacódh sé le feidhmchláir nua agus nuálacha nach bhfuil tacaíocht acu ó na teicneolaíochtaí atá ann faoi láthair leo. Beidh gá bainistiú éifeachtach a dhéanamh i gcónaí ar an speictream raidió agus é a úsáid go éifeachtúil sna blianta atá amach romhainn ionas go mbeifear ábalta tuilleadh seirbhísí a chur chun fheidhme go céimneach sa todhchaí. Ar an ábhar sin, tá a ghradam ilbhanda curtha chun cinn ag ComReg d'fhonn cearta speictrim a scaoileadh le gur féidir leathanbhanda gan sreang (leathanbhanda soghluaiste agus leathanbhanda fosaithe araon) a sholáthar.

Agus a thábhachtaí atá na líonraí gan sreang inár saol laethúil ag éirí níos soiléire i rith an ama, tá earnálacha a bhraitheann ar an speictream raidió ag cur go mór le geilleagar na hÉireann i gcónaí. Measann ComReg, ar an gceann caol de, go gcuireann úsáid an speictrim raidió €4.2 billiún d'Oll-Bhreisluach ar fáil agus go soláthraíonn sé c. €7.2 billiún d'Ioncam Náisiúnta na hÉireann. Cuireann an speictream raidió go mór leis an bhfostaíocht in Éirinn freisin agus tacaíonn sé go díreach le 19,000 post.

Agus an ráiteas straitéise seo á ullmhú aige, chuaigh ComReg i gcomhairle maidir leis an dréachtphlean oibre atá aige do na blianta atá amach romhainn agus maidir leis na tosca atá mar bhonn agus mar thaca aige. Thug sé seo deis do pháirtithe leasmhara tacú leis an bhforbairt ar phlean oibre speictrim ComReg agus struchtúr a chur ar ár dtosaíochtaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an dream ar fad a bhí páirteach sa phróiseas comhairliúcháin; rinneadh bhur dtuairimí a mheas go cúramach agus ár straitéis, agus an plean oibre a bhain leis, á thabhairt chun críche.

Leagtar an plean oibre sin leagtha amach sa ráiteas straitéise in éineacht le tosaíochtaí ComReg, mar bhainisteoir ar speictrim na hÉireann, don tréimhse atá amach romhainn agus comhlánaíonn sé Ráiteas Straitéise Cumarsáide Leictreonaí ComReg. Cuirfidh sé ComReg ar an eolas agus é ag dul i ngleic le dúshláin sa dá bhliain atá amach romhainn, agus táim féin agus mo chomhghleacaithe tiomanta do na cuspóirí atá leagtha amach sa ráiteas seo a bhaint amach.

Garrett Blaney
**An Coimisinéir**

# Réamhrá

# 2

## 2.1 Cúlra agus Cuspóir

2.1 Is é an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ("ComReg") an comhlacht reachtúil atá freagrach as rialáil na gcóras cumarsáide leictreonaí (líonraí teileachumarsáide, radachumarsáide agus craoltóireachta), earnálacha poist agus ardráta in Éirinn i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh ("AE") agus le dlí na hÉireann. Déanann ComReg bainistíocht freisin ar speictream raidió (nó "speictream") na hÉireann agus ar an acmhainn uimhrithe náisiúnta.

2.2 Is meán é an speictream raidió trínar féidir faisnéis a tharchur gan sreang thar réimse ó chúpla méadar go dtí na mílte ciliméadar.  Acmhainn luachmhar náisiúnta atá ann atá mar bhonn agus mar thaca ag gníomhaíochtaí tábhachtacha eacnamaíocha, sóisialta agus cumarsáide. Áirítear orthu sin seirbhísí atá in úsáid go forleathan, dála cumarsáid soghluaiste/seasta gan sreang agus leathanbhanda, craoladh raidió agus teilifíse, agus oibriú sábháilte an aeriompair agus an mhuiriompair. Tá an speictream raidió bunúsach freisin mar a bhaineann le hoibriú laethúil na seirbhísí éigeandála agus na bhFórsaí Cosanta agus is ionchur ríthábhachtach é do go leor seirbhísí eile, lena n-áirítear feidhmeanna tábhachtacha eolaíocha, amhail réamhaisnéis na haimsire agus monatóireacht a dhéanamh ar thimpeallacht an Domhain. Mar sin féin, is acmhainn nádúrtha finideach í a bhfuil úsáidí agus úsáideoirí comhsháraitheacha aici agus dá bhrí sin is gá í a bhainistiú go héifeachtach agus a úsáid go héifeachtúil.

2.3 Mar chabhair don bhainistiú ar an acmhainn speictrim raidió, déanann ComReg a straitéis a leagan amach agus a nuashonrú ar bhonn rialta agus léiríonn sé freisin cuspóirí straitéiseacha ComReg mar atá leagtha amach ina Ráiteas Straitéise Cumarsáide Leictreonaí 5 bliana.[1] Tá dréachtphlean bainistíochta speictrim raidió ComReg do 2022 go 2024 leagtha amach i nDoiciméad 21/90 agus tá breithniú ComReg ar na freagraí a bhí faighte ó pháirtithe leasmhara sa chomhairliúchán sin leagtha amach i nDoiciméad 21/136a.[2]

## 2.2 Struchtúr an doiciméid seo

2.4 Tá an chuid eile den doiciméad seo struchtúrtha mar seo a leanas:

- **Caibidil 3:** tugtar buntreoir maidir le speictream raidió na hÉireann agus an tábhacht a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar an speictream raidió in Éirinn;
- **Caibidil 4:** déantar na tosca a chuireann bonn eolais faoi straitéis ComReg don tréimhse 2022 go 2024 a mheas;
- **Caibidil 5:** leagtar amach plean oibre ComReg don tréimhse 2022 go 2024; agus
- **Iarscríbhinn 1:** tugtar achoimre ar chreat reachtúil ComReg a bhfuil baint aige le bainistiú an speictrim minicíochta raidió in Éirinn

1 Doiciméad ComReg 21/70 – Ráiteas Straitéise um Chumarsáid Leictreonach 2021-2023 – foilsithe an 30 Meitheamh 2021
2 Féach ComReg 21/136s le haghaidh aighneachtaí neamhrúnda a bhí faighte faoi Chomhairliúchán 21/90

# An Creat um Bainistíocht Speictrim in Éirinn

3

## 3.1 Beartas Speictrim agus Bainistíocht Speictrim in Éirinn

**3.1** Leagtar amach sa chuid seo róil ábhartha na ranna Rialtais maidir le beartas speictrim agus beartas craolacháin náisiúnta in Éirinn, agus ról ComReg mar a bhaineann lena fhreagrachtaí i leith bainistíocht a dhéanamh ar speictrim.

### 3.1.1 Beartais Speictrim

**3.2** Tá an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ("DECC") freagrach as beartais a fhorbairt chun rialáil a dhéanamh ar an speictream raidió in Éirinn agus barrúsáid a bhaint as. Tá beartas speictrim mar chuid den bheartas náisiúnta a rialaíonn an earnáil teileachumarsáide in Éirinn. Áirítear leis sin an chéad ghlúin eile den leathanbhanda, seirbhísí cumarsáide leictreonacha ("ECS") agus nascacht idirnáisiúnta. Tá an DECC freagrach freisin as an gcaoi a mbaintear úsáid as speictrim sa bheartas craolacháin náisiúnta.

**3.3** Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ("DTCAGSM") freagrach as beartas craolacháin náisiúnta na hÉireann.[3]

**3.4** Agus an Ráiteas Straitéise um Bainistíocht Speictrim Raidió le haghaidh 2022 go 2024 á fhorbairt, chuir ComReg san áireamh an beartas Cumarsáide agus Digiteach de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus beartas Craolacháin agus Meán DTCAGSM.[4][5]

### 3.1.2 Bainistíocht Speictrim: Sainordú agus ról ComReg

**3.5** Leagadh amach san Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 (arna leasú leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007) ("Acht 2002"), an Cód Um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (a d'aisghair Comhchreat Rialála an AE[6] (lena n-áirítear na Treoracha Réime agus Údaraithe[7]), na Rialacháin chomhfhreagracha Um Chreat agus Údarú (nach mór a léamh i bhfianaise an EECC[8]), agus na hAchtanna um Theileagrafaíocht Gan Sreang 1926 go 2009 ("An tAcht 1926")[9] i measc rudaí eile, cumhachtaí, feidhmeanna, dualgais agus cuspóirí ComReg chomh fada agus a bhaineann le bainistiú an speictrim minicíochta raidió in Éirinn.

**3.6** Agus a fheidhm maidir le bainistiú speictrim raidió na hÉireann á feidhmiú aige (agus de réir treoracha ábhartha beartais aireachta a thugtar faoi alt 13 d'Acht 2002), is é cuspóir bainistíochta speictrim ComReg a chinntiú go ndéantar an speictrim raidió a bhainistiú agus a úsáid go héifeachtúil. Tá sé de dhualgas ar ComReg an fheidhm seo a chur i gcrích go héifeachtach, lena n-áirítear aird a thabhairt ar ráitis bheartais ábhartha an rialtais agus ar fhorbairtí idirnáisiúnta.

---

3 Féach:
- 372 de 2020, An tOrdú Craolacháin (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020;
- 403 de 2020, an tOrdú Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Athrú ar Ainm na Roinne agus Teideal an Aire), 2020; agus
- 373 de 2020, an tOrdú um Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil (Athrú ar Ainm na Roinne agus Teideal an Aire), 2020.

4 https://www.gov.ie/en/policy/435802-communications-and-digital/, a foilsíodh an 12 Meitheamh 2020

5 https://www.gov.ie/en/policy-information/b151e3-broadcast-media/, a foilsíodh an 12 Meitheamh 2020 agus a tugadh cothrom le dáta an 3 Samhain 2020

6 Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lenar bunaíodh an Cód Um Chumarsáid Leictreonach Eorpach.

7 Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 (arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 an 27 Meitheamh 2007, Rialachán (CE) Uimh. "an Treoir maidir le hÚdarú").

8 Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Creat), 2011 (I.R. Uimh. 333 de 2011) agus Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Údarú), 2011 (I.R. Uimh. 335 de 2011) faoi seach.

9 Na hAchtanna Teileagrafaíochta Gan Sreang 1926 go 1988 agus Ailt 181 (1) go (7) agus (9) agus Alt 182 den Acht Craolacháin 2009.

3.7 Ó thaobh an speictrim raidió a úsáidtear le haghaidh Líonraí Cumarsáide Leictreonacha (“ECN”) agus ECS, tá sé i measc chuspóirí ComReg na coinníollacha a bhaineann le hiomaíocht éifeachtach a chur chun cinn i dtaca le soláthar ECN agus ECS. Ar an ábhar sin, ceanglaítear le halt 12(2)(a) d’Acht 2002 ar ComReg gach beart réasúnta, a bheadh dírithe ar iomaíocht a chur chun cinn, a dhéanamh, lena n-áirítear:

i. A chinntiú nach ndéanfar aon saobhadh ná srian a chur ar an iomaíocht in earnáil na cumarsáide leictreonaí;

ii. úsáid éifeachtúil a spreagadh agus bainistiú éifeachtach a chinntiú mar a bhaineann leis na minicíochtaí raidió agus le hacmhainní uimhrithe; agus

iii. a chinntiú go mbeidh an oiread tairbhe agus is féidir á bhaint as ag na húsáideoirí, lena n-áirítear úsáideoirí faoi mhíchumas, ó thaobh rogha, praghas agus caighdeán.

3.8 Treoraítear léitheoirí chuig Iarscríbhinn 1 áit a bhfuil forléargas ar an gcreat dlí agus ar na cuspóirí reachtúla a bhaineann leis an mbainistíocht a dhéanann ComReg ar an speictream raidió.

3.9 Ar ndóigh, thug ComReg aird freisin ar an gCód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach[10] (“the EECC”) a thagann in ionad Chreat Rialála coiteann an Aontais. Tá EECC á thrasuí mar Dhréachtrialacháin ag an DECC i láthair na huaire.

3.10 Agus an fheidhm bainistíochta speictrim á comhlíonadh aige, cuireann ComReg raon de chlárghníomhaíochtaí i gcrích, lena n-áirítear:

- cearta úsáide speictrim a cheadúnú in Éirinn le haghaidh go leor úsáidí éagsúla;
- monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an speictrim raidió in Éirinn, lena n-áirítear na coinníollacha a bhaineann le ceadúnais agus le caighdeáin trealaimh a fhorfheidhmiú; agus
- Éirinn a chur chun cinn mar ionad atá idéalach don fhorbairt speictrim trí Tástáil agus Triail Éireann[11].

## 3.2 Bainistíocht speictrim

3.11 Acmhainn náisiúnta atá teoranta agus luachmhar is ea an speictream raidió, acmhainn a fhágann a lorg ar gach réimse den chumarsáid, lena n-áirítear an chumarsáid raidió agus teilifíse agus cumarsáid shoghluaiste (guth agus sonraí), loingseoireacht, aerloingseoireachta/ loingseoireacht mhuirí and cumarsáid satailíte. De bharr níos mó éilimh a bheith ar an speictream raidió is gá é a úsáid go héifeachtúil agus is gá próisis éifeachtacha bhainistíochta speictrim a úsáid ionas go mbeidh an oiread tairbhe agus is féidir ann don tsochaí. Ionas gur féidir leas iomlán a bhaint as an acmhainn speictrim tá gá le gníomhaíochtaí bainistíochta speictrim a chuireann ar chumas an chórais raidió feidhmiú agus a laghad cur isteach air agus is féidir.

3.12 Mar sin féin, ós rud é gur acmhainn finideach é an speictream a bhfuil go leor seirbhísí agus úsáideoirí éagsúla aige, caithfidh an bhainistíocht speictrim raon leathan fachtóirí a mheas go cúramach (e.g. riaracháin, rialáil agus cúrsaí sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíochta) d’fhonn a chinntiú go n-úsáidtear an speictream raidió go héifeachtúil. D’fhéadfadh go gcaithfí deileáil go cothrom le raon fachtóirí a bheadh in iomaíocht le chéile, lena n-áirítear:

i. riachtanais réasúnta na seirbhísí raidió ar fad a chomhlíonadh go cuí, lena n-áirítear úsáidí tráchtála agus poiblí, dála sábháilteacht an phobail, slándáil náisiúnta agus cúram sláinte; agus

10 Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena bunaíodh an Cód Um Chumarsáid Leictreonach Eorpach

11 Féach Home (testandtrial.ie)

ii. iomaíocht a chur chun cinn i gcás speictream atá á úsáid le haghaidh ECS agus ECN, lena n-áirítear a chinntiú go mbainfidh úsáideoirí an oiread tairbhe agus is féidir as ó thaobh praghsanna, roghanna agus caighdeáin, go gcuidítear leis an margadh inmheánach forbairt, agus go gcuirtear leas na n-úsáideoirí chun cinn laistigh den Chomhphobal.

3.13 Tá córas bainistíochta speictrim riachtanach d'fhonn a chinntiú go roinnfear na minicíochtaí atá gann ar bhealach éifeachtúil i measc úsáidí agus úsáideoirí atá in iomaíocht le chéile agus go mbainfear úsáid éifeachtúil astu ina dhiaidh sin. Tá sé seo riachtanach chun iomaíocht a chur chun cinn laistigh de na margaí iartheachtacha, go háirithe ós rud é gur ionchur riachtanach atá sa speictream mar a bhaineann le cuid mhaith den ECS a sholáthar agus má bhíonn sannadh neamhéifeachtúil déanta ar speictrim go bhféadfaí an iomaíocht a chur as a riocht agus torthaí nach mbeadh éifeachtúil a chruthú don tsochaí.

### 3.2.1 An tábhacht a bhaineann le speictream raidió

3.14 Nuair a bhíonn infheistíocht déanta sna seirbhísí a bhaineann úsáid as an speictream raidió cuidíonn sé leis an athrú agus leis an nuálaíocht ar fud gheilleagar iomlán na hÉireann. Tá sé seo amhlaidh toisc nach é amháin go soláthraíonn na seirbhísí seo modh cumarsáide atá éifeachtúil agus iontaofa, ach go dtacaíonn siad freisin le gníomhaíocht eacnamaíoch ar fud an gheilleagair ar fad.

3.15 Bunaithe ar anailís a rinne ComReg meastar, ar an gceann caol de, gur mhéadaigh úsáid dhíreach as an speictrim raidió in Éirinn i dtéarmaí Oll-Bhreisluacha ó thart ar €4 bhilliún in 2016 go dtí €4.6 billiún in 2019.[12][13] Nuair a chuirtear éifeachtaí iolraitheora measartha san áireamh, measann ComReg gur mhéadaigh ranníocaíocht an speictrim raidió le hIoncam Comhlán Náisiúnta na hÉireann (OIN) ó €6.2 billiún in 2016 go dtí thart ar €7.2 billiún in 2019, sin 3.3% den GNI Leasaithe.[14]

3.16 Cuireann an speictream raidió go mór leis an bhfostaíocht freisin. Meastar, ar an gceann caol de, go raibh thart ar 19,000 fostaí in Éirinn in 2019 a raibh a gcuid post ag brath go díreach ar úsáid as an speictrim raidió. Tugann an anailís le fios freisin go bhfuil an t-aschur in aghaidh an oibrí sna hearnálacha a ndearnadh anailís orthu (€234,000) níos airde ná an meán ar fud an gheilleagair (€144,000) don bhliain 2019.

---

12 Tá an measúnú seo bunaithe ar earnálacha a bhfuil speictream raidió ina chroí-ionchur acu le haghaidh earraí agus seirbhísí a sholáthar. Áirítear leis seo ní hamháin seirbhísí cumarsáide gan sreang ach freisin eitlíocht, déantúsaíocht soghluaiste, craoladh, agus miondíol earraí soghluaiste.

13 Féach cuid 2.2.1 de Doiciméad ComReg 21/90 le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an modheolaíocht.

14 In 2019, is é €4.6 billiún an ranníocaíocht dhíreach, tá €1.5 billiún indíreach agus fabhraíonn an €1 bhilliún eile ó chánacha agus ó fhóirdheontais.

## Buntáistí sóisialta agus tánaisteacha a bhaineann le húsáid speictrim

**3.17** Anuas air sin eascraíonn buntáistí suntasach sóisialta, nach bhfuil léirithe san anailís thuas, as úsáid an speictrim raidió, ós rud é go bhfuiltear dírithe go príomha ar ECN agus ECS. Mar shampla, tá gá le cumarsáid soghluaiste atá iontaofa, chun gur féidir leis na Gardaí, na seirbhísí dóiteáin agus na hotharchairr feidhmiú mar is cóir, agus chomh maith leis sin tá ról suntasach ag an speictream raidió ó thaobh cur ar chumas Óglaigh na hÉireann a gcuid dualgas a chomhlíonadh sa bhaile agus thar lear. Tá an speictream raidió ríthábhachtach freisin le go bhféadfaidh na córais iompair aer, farraige agus talún feidhmiú go sábháilte. Is dócha go gcuidítear le gnóthaí feidhmiú níos fearr freisin de bharr go mbaintear úsáid as an speictream raidió sna hearnálacha éagsúla.

**3.18** Tá rochtain ar an speictream raidió riachtanach freisin do na seirbhísí saor chraoltóireacht teilifíse agus raidió. Nuair a bhíonn seirbhísí saorchraolacháin náisiúnta agus réigiúnacha á gcur ar fáil go héifeachtach cinntítear go mbíonn iolracht sna meáin, go dtugtar léargas níos fearr ar an bhféiniúlacht cultúrtha náisiúnta agus pobail agus go ndéantar forbairt ar ábhar closamhairc de chuid na tíre seo, an drámaíocht agus cláir faisnéise san áireamh.

**3.19** Mar thoradh ar an speictream raidió freisin bíonn tomhaltóirí ag baint úsáide as lear mór feidhmchláir, rud a fheabhsaíonn an saol do gach duine againn ó lá go lá.

## Fíor 1: Samplaí d'fheidhmchláir tomhaltóra a úsáideann speictream raidió



### 3.2.2 Próisis bhainistíochta speictrim

#### Gnéithe idirnáisiúnta den bhainistíocht speictrim raidió

**3.20** Scaipeann úsáid an speictrim raidió go nádúrtha thar theorainneacha náisiúnta. I ndáil leis sin, teastaíonn rannpháirtíocht ghníomhach san Eoraip agus go domhanda mar a bhaineann le bainistíocht a dhéanamh ar fhorbairtí speictrim.

**3.21** Mar thoradh ar an bpleanáil idirnáisiúnta, d'fhéadfadh go mbeadh srianta ar úsáid mhinicíochtaí ar leith nó bandaí minicíochta náisiúnta. Tharlódh sé seo go háirithe sna hearnálacha aerloingseoireachta agus muirí toisc, de bharr gur seirbhisí domhanda iad, go gcaithfidh longa agus aerárthaí minicíochtaí sonracha a úsáid ar mhaithe le cúrsaí loingseoireachta agus cumarsáide.

**3.22** Tá comhoiriúnú déanta le fada ag tíortha atá i gcomharsanacht a chéile ar na bandaí minicíochta a bhíonn in úsáid ag na seirbhísí craoltóireachta teilifíse agus raidió ar mhaithe leis an gcomhordú a éascú agus ionas gur féidir margaí na dtomhaltóirí a fhorbairt. Le tamall anuas, tháinig méadú ar líon na mbandaí minicíochta raidió a ndearnadh comhoiriúnú orthu go hidirnáisiúnta le haghaidh córais raidió tráchtála, dála cumarsáid soghluaiste gan sreang.

**3.23** Cé gur feidhm náisiúnta é "leithdháileadh" agus/nó "sannadh" speictrim, tá rialáil dhomhanda an speictrim faoi shainchúram an Aontais Teileachumarsáide Idirnáisiúnta ("ITU") agus tá feidhmeanna rialála i leith na hEorpa ag an AE agus ag Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide ("CEPT"). Sainmhíníonn na comhlachtaí seo an creat leathan faoina gcaithfidh gach dream a úsáideann speictream feidhmiú, agus i gcásanna áirithe, forbraíonn na comhlachtaí sin cinntí, moltaí agus cineálacha cur chuige comhoiriúnaithe mar a bhaineann leis an úsáid as speictrim.

**3.24** Tá buntáistí suntasacha ag baint le fáil a bheith ar bhandaí minicíochta raidió comhoiriúnaithe toisc go mbíonn sé níos éasca forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí idirnáisiúnta, go gcuireann sé chun cinn barainneachtaí scála i ndáil le monarú trealaimh raidió (agus ar an gcaoi seo laghdaítear an costas a bhíonn ar thomhaltóirí i gcás líonraí gan sreang agus an costas a bhaineann le feistí gan sreang) agus nach mbíonn an baol céanna ann go mbeadh trasnaíocht idir úsáideoirí.

**3.25** Mar bhainisteoir ar speictrim raidió na hÉireann, tá sé de chúram ar ComReg conarthaí, comhaontuithe agus oibleagáidí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm[15] i dtaca le húsáid speictrim raidió sa Stát. D'fhonn na bearta sin a chur i bhfeidhm is minic gur gá gníomhú agus leithdháileadh agus/nó sannadh ar speictrim raidió a dhéanamh mar atá pléite thíos.

**3.26** In éineacht leis an DECC, tá ról gníomhach ag ComReg i bhfóraim idirnáisiúnta chun a chinntiú go gcomhlíonann, a oiread agus is féidir, na cinntí a bhaineann leis an gcreat rialála idirnáisiúnta i leith speictrim raidió, riachtanais shonracha na hÉireann. Bíonn ComReg páirteach freisin i staidéir ar an gcomhoiriúnacht theicniúil agus sa bhforbairt ar caighdeáin theicniúla ionas go mbeidh úsáid níos éifeachtúla agus níos solúbtha bainte as an speictrim raidió.

---

15 Cuirtear chun feidhme oibriú saor ó thrasnaíocht na gcóras radachumarsáide thar theorainneacha idirnáisiúnta trí Rialacháin Raidió an ITU agus trí Chomhaontuithe Réigiúnacha, agus nuashonrú éifeachtúil agus tráthúil orthu sin trí phróisis na gComhdhálacha Domhanda agus na gComhdhálacha Réigiúnacha Radachumarsáide. Le Rialacháin Raidió an ITU, a bhfuil stádas conartha idir-rialtasaigh idirnáisiúnta acu, cuirtear creat ar fáil maidir le húsáid an speictrim minicíochta raidió agus fithisí satailíte. D'fhonn coinneáil suas leis an bhforbairt atá ag teacht go tapa ar theicneolaíochtaí agus an cóineasú ar sheirbhísí agus ar

## Leithdháileadh speictrim raidió in Éirinn

**3.27** Ciallaíonn leithdháileadh speictrim raidió "banda minicíochta ar leith a ainmniú lena úsáid ag cineál amháin nó níos mó de sheirbhísí radachumarsáide, i gcás inarb iomchuí, faoi choinníollacha sonraithe".[16] Sainaithnítear leis an leithdháileadh na seirbhísí sin a d'fhéadfadh úsáid a bhaint as banda minicíochta raidió agus is gníomhaíocht thábhachtach í a chuidíonn leis an gcomhordú idirnáisiúnta ar an speictrim raidió, idir limistéir réigiúnacha agus tíortha atá i gcomharsanacht a chéile a dhéanamh níos éasca, agus, ar an gcaoi sin, laghdaítear an baol go dtarlódh trasnaíocht agus déantar barainneachtaí scála a chumasú ag an am céanna.

**3.28** Faoi Acht 2002, tá sé de dhualgas ar ComReg Plean Minicíochta Raidió ("Plean") a fhoilsiú agus athbhreithniú a dhéanamh air[17]. Tá an Plean déanta suas as sraith de thtáblaí ina leagtar amach leithdháiltí speictrim raidió na hÉireann le haghaidh 8.3 cileagram (kHz) go 3000 Gigiheirts (GHz) agus tugtar eolas faoi na seirbhísí sa speictream raidió ar a bhfuil gach banda minicíochta leithdháilte ("leithdháiltí minicíochta"). Uirlis thábhachtach atá anseo don dream a bhaineann úsáid as minicíochtaí raidió.

**3.29** Déantar an Plean a nuashonrú go rialta bunaithe ar thorthaí Chomhdhálacha Raidió Domhanda an ITU ("WRCanna") agus ar fhorbairtí ábhartha eile, dála cinntí a bheadh glactha san Eoraip i leith an chomhoiriúnaithe agus moltaí a bhainfeadh le banda nó le seirbhís minicíochta raidió ar leith.

**3.30** I mí an Mheithimh 2021, chomh maith le plean nuashonraithe a fhoilsiú,[18] chuir ComReg leagan nua den Phlean ar fáil ar líne i bhfoirm Béite, rud a chuireann feidhm cuardaigh agus tagartha ar fáil do gheallsealbhóirí.[19] Tá sé seo á chur ar fáil ionas gur féidir é a thástáil ar úsáideoirí agus go mbeidh teacht go luath ar leagan idirghníomhach den RFPI á thástálfaidh agus a thriailfidh úsáideoirí sula n-eiseofar an táirge go foirmeálta, rud atáthar ag súil a tharlóidh i dtreo dheireadh na bliana 2021.

## Speictream raidió a shannadh in Éirinn

**3.31** Tagraíonn sannadh speictrim raidió do na gníomhaíochtaí bainistíochta speictrim sin a eisíonn agus údaraíonn cearta úsáide minicíochtaí raidió.[20] In Éirinn, caithfear údarú a fháil ó ComReg le trealamh raidió a bheith ag duine agus a bheith á úsáid agus d'féadfadh an t-údarú seo a bheith i bhfoirm ceadúnais nó i bhfoirm díolúine ceadúnais faoi Acht 1926.[21]

---

theicneolaíochtaí a thagann dá bharr, déantar athbhreithniú ar Rialacháin Raidió an ITU gach trí nó ceithre bliana ag Comhdháil Dhomhanda. Tionóladh an Chomhdháil Dhomhanda deireanach i mí na Samhna 2019 san Éigipt.

Tá cinntí agus moltaí speictrim raidió CEPT (Cinntí ECC agus Moltaí ECC) neamhcheangailteach ar na rialtais náisiúnta. Coinnítear liosta na gCinntí/Moltaí ECC agus a stádas maidir le cur chun feidhme do gach tír de chuid CEPT, Éire san áireamh, ag http://www.erodocdb.dk.

Is cinntí ceangailteacha iad cinntí speictrim raidió an Aontais (Cinntí AE/CE) mar a bhaineann le Ballstáit an Aontais. Bíonn na cinntí sin, de ghnáth, bunaithe ar na bearta ábhartha i leith na comhoiriúnaithe theicniúla mar a leagtar amach i dtuarascálacha CEPTchuig an gComhairle agus glactar leo go hiondúil tar éis cinneadh ECC CEPT a bheith glactha roimh ré. Coinnítear liosta de Chinntí/Moltaí an AE ag https://ec.europa.eu/digital-agenda/en/radio-spectrum-policy-document-archive

16 Rialacháin an Chomhphobal Eorpaigh (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Creat), 2011 (I.R. 333 de 2011).

17 Alt 35 d'Acht 2002.

18 Féach doiciméad ComReg 20/58R2

19 Féach https://rfpi.comreg.ie/

20 Tagraíonn sannadh speictrim do chearta úsáide minicíochtaí raidió sonracha laistigh de bhanda minicíochta a eisítear do dhuine aonair nó do stáisiún agus de ghnáth faoi choinníollacha atá sonraithe (e.g. i gcomhthéacs minicíochtaí raidió le haghaidh ECS, ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a shainaithnítear i gCuid B den Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin um Údarú).

21 Alt 3(1) agus alt 3(6) den Acht Um Theileagrafaíocht Gan Sreang 1926, arna leasú.

3.32 Go hidéalach, ba cheart go ndéanfaí speictream a dháileadh go héifeachtúil, rud a chiallaíonn go mbeadh rochtain air ag meascán úsáidí agus úsáideoirí chun cur an oiread agus is féidir leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch, faoi réir aird a thabhairt ar ábhair imní a bhainfeadh le beartais leasa shóisialaigh, beartais phoiblí nó ábhair imní dhlisteanacha eile. Má thugtar cearta úsáide speictrim d'úsáideoir amháin seachas é a thabhairt d'úsáideoir eile d'fhéadfadh sé an- tionchar a imirt ar a gcaoi a n-úsáidtear an speictream raidió go héifeachtúil ar mhaithe le buntáistí a rachadh chun tairbhe don tsochaí ar fad.

### 3.2.3 Iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn i mbainistiú speictrim le haghaidh ECS agus uirlisí bainistithe speictrim

3.33 Mar a luadh níos túisce, is ionchur riachtanach é an speictream ó thaobh ECS a sholáthar agus má dhéantar sannadh neamhéifeachtúil air d'fhéadfaí saobhadh a dhéanamh ar an iomaíocht ionas go mbeadh torthaí mí-éifeachtacha ann don tsochaí. Baintear úsáid as na trí phríomh-mhodh seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn:

1. rochtain ar an margadh;
2. rochtain ar ionchuir riachtanacha; agus
3. tosca a bhainfeadh le héilimh.

3.34 Sainaithnítear i Ráiteas Straitéise Cumarsáide Leictreonach ComReg 2021-2023 cuspóirí straitéiseacha sonracha agus spriocanna tacaíochta a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú leis na modhanna sin.[22]

3.35 Leag ComReg amach ina Ráiteas Straitéise um Chumarsáid Leictreonach go gcaithfidh speictrim a bheith ar fáil le má tá faoi go leor de na hoibreoirí dul isteach sna margaí cumarsáide leictreonacha agus leathnú amach. Dá bhrí sin, caithfear bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar acmhainní an speictrim raidió náisiúnta (agus ar uimhriú) chun cúrsaí iomaíochta a éascú, nascacht a fheabhsú agus infheistíocht éifeachtúil a chur chun cinn, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag sannadh agus ag leithdháileadh na n-ionchur sin ar mhargaí iartheachtacha á gcur san áireamh.

### Cuspóir straitéiseach: Iomaíocht & Infheistíocht

**SPRIOC 1.6**
Éascaíonn an bhainistíocht ar speictrim agus ar uimhreacha an iomaíocht, feabhsaíonn sé nascacht agus cuireann sé infheistíocht éifeachtúil chun cinn.

Fíor 2: Sprioc 1.6 de Ráiteas Straitéise Um Chumarsáid Leictreonach 2021-2023 ComReg

3.36 Léiríonn Sprioc 1.6 de Ráiteas Straitéise um Chumarsáide Leictreonach ComReg ceann de na príomhchuspóirí atá taobh thiar d'fheidhmeanna bainistíochta speictrim ComReg toisc go dtéann iomaíocht éifeachtach idir soláthraithe seirbhíse gan sreang chun tairbhe go fadtéarmacha do na tomhaltóirí de bharr go bhfeabhsaíonn an iomaíocht, an rogha, agus caighdeán na seirbhísí agus na nuálaíochta. Is gné thábhachtach le cur san áireamh é an sannadh nuair atá úsáid éifeachtúil as an speictrim raidió agus infheistíocht éifeachtúil á gcur chun cinn.

3.37 Ar an ábhar sin, glacann ComReg cur chuige réamhghníomhach chun sannadh agus úsáid éifeachtúil as an speictrim raidió a chinntiú agus, ag an am céanna, iomaíocht a éascú agus an toradh is fearr a ghnóthú don tsochaí. Tá roinnt uirlisí bainistíochta speictrim ag ComReg atá deartha le dul chun tairbhe don dream ar fad a úsáideann speictrim minicíochta raidió agus a bhaineann an chothromaíocht cheart amach idir na húsáideoirí sin agus a chinntíonn, ag an am céanna, go mbaintear úsáid éifeachtúil as an speictream agus nach mbíonn an iomaíocht curtha as a riocht. Úsáideann ComReg na huirlisí seo de réir mar is gá, ag brath ar na cúinsí a bhaineann le gach sannadh ar leith, ionas go mbeidh sé chomh tairbheach agus is féidir don tsochaí agus go gcuideoidh sé leis an bhforbairt ar an margadh inmheánach, agus leas na n-úsáideoirí laistigh den Chomhphobal á chur chun cinn ag an am céanna. Léirítear na huirlisí seo i bhFigiúr 3 thíos.

22 Doiciméad ComReg 21/70 – Ráiteas Straitéise um Chumarsáid Leictreonach 2021-2023 – Foilsithe an 30 Meitheamh 2021. https://www.comreg.ie/publication-download/electronic-communications-strategy-statement-2021-2023

**Fíor 3: Uirlisí Bainistíochta Speictrim**




**3.38** D'fhonn na huirlisí seo a úsáid mar is ceart is gá raon leathan tosca a mheas go cúramach (lena n-áirítear ceisteanna riaracháin, rialála, sóisialta, eacnamaíocha agus teicniúla) d'fhonn a chinntiú go ndéanfar speictream raidió a shannadh agus a úsáid go héifeachtúil. Ní mór údar oibiachtúil a bheith le haon bhearta freisin, iad a bheith trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach i ndáil leis an gcuspóir a beartaíodh dóibh. Is minic gur gá measúnú mionsonraithe a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha agus úsáid á bhaint as uirlisí bainistíochta speictrim den chineál seo.

**3.39** Mar chuid dá fheidhm mar bhainisteoir speictrim, déanann ComReg monatóireacht ar an margadh chun fanacht ar an eolas faoi athruithe a tháinig ar an margadh ó rinneadh na ráitis straitéise bainistíochta speictrim raidió roimhe sin agus ó dáileadh dámhachtainí speictrim.

Tuigeann ComReg go bhféadfadh athrú a bheith tagtha ar na cúinsí a bhí ann roimhe sin nó gur fhorbair an margadh an oiread agus go mb'fhéidir gur ghá na huirlisí bainistithe speictrim dá dtagraítear thuas a úsáid ar bhealach eile d'fhonn iomaíocht a spreagadh agus tomhaltóirí a chosaint. Tá an cur chuige seo ag teacht le cuspóir straitéiseach ComReg go gcuirfear ar chumas tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

**Cuspóir Straitéiseach:**
**Cosaint Tomhaltóirí**

**SPRIOC 2.1**
Aithníonn agus tuigeann ComReg díobhálacha do thomhaltóirí.

Fíor 4: Sprioc 2.1 de Ráiteas Straitéise Cumarsáide Leictreonaí 2021-2023 ComReg

3.40 Ar an ábhar sin, déanann ComReg rianú leanúnach ar threochtaí úsáide na n-úsáideoirí deiridh (féach Tuarascálacha Ráithiúla ComReg) agus tá taighde margaidh agus réamhaisnéisí éagsúla curtha i gcrích aige chun bonn eolais a chur faoi na gníomhaíochtaí bainistíochta speictrim sa todhchaí. Mar shampla:

- Suirbhé ar Thaithí Tomhaltóirí Fóin Soghluaiste 2019 (féach Doiciméad 19/101);
- Suirbhé nascachta (Féach Doiciméad 21/30);
- Tionchar Covid-19 ar úsáid tomhaltóirí agus dearcadh i leith na seirbhísí teileachumarsáide (féach Doiciméid 20/107, 21/06, 21/42); agus
- Suirbhé Teicneolaíochta ComReg (féach Doiciméad 21/32b).

3.41 Tá impleachtaí ar leith ag na pointí seo a leanas mar a bhaineann le bainistiú speictrim:

- Leag an Suirbhé ar Thaithí Tomhaltóirí Fóin Soghluaiste béim ar roinnt fadhbanna agus ábhair imní tábhachtacha a bhain le nascacht:
  - is laistigh den teach cónaithe, den chuid is mó, a n-úsáideann tomhaltóirí (c. 65%) a bhfón póca le haghaidh seirbhísí gutha agus sonraí;
  - tarlaíonn fadhbanna le seirbhísí a bhaineann le glaonna/téacs agus sonraí níos minice istigh sa teach (33%) ná mar a tharlaíonn taobh amuigh den teach (17%);
  - is seirbhísí atá tábhachtach do thomhaltóirí i gcónaí iad na glaonna gutha, agus baineann 93% acu úsáid as an bhfón póca chun glaonna gutha traidisiúnta a dhéanamh agus úsáid á bhaint as uimhreacha teileafóin;
  - is le glaonna gutha a bhíonn na príomhfhadhbanna i gcás na seirbhíse lasmuigh ag gach cineál tomhaltóir (faoin tuaith agus sna bailte móra); agus;
  - bíonn níos mó fadhbanna le seirbhísí ag tomhaltóirí faoin tuaith, beag beann ar an ionad, agus bíonn níos mó deacrachtaí acu sa teach nó i gcuid den teach (i.e. taobh istigh).
- Tharraing na Suirbhéanna ar Tionchar Covid-19 aird ar thuairim na dtomhaltóirí maidir leis an nascacht soghluaiste le linn phaindéim Covid-19, lena n-áirítear:
  - Dúirt 3 as gach 4 de na tomhaltóirí a ndearnadh suirbhé orthu go raibh sé an-tábhachtach dóibh go mbeadh rochtain acu ar a bhfón agus a bheith in ann é a úsáid le linn phaindéim leanúnach Covid-19 (cosúil le leibhéal Mheán Fómhair '20 ).[23]
  - D'úsáid 69% de na tomhaltóirí a ndearnadh suirbhé orthu an tseirbhís fón póca a bhí acu le bheith ag oibriú ón mbaile/obair go cianda (lena n-áirítear a bheith ar teaghrán) ón 1 Márta 2020;[23]
  - Creideann 87% de na tomhaltóirí a ndearnadh suirbhé orthu go bhfuil an tseirbhís fón póca atá acu sách maith le haghaidh glaonna gutha le gur féidir gníomhaíochtaí a bhaineann lena gcuid oibre a dhéanamh agus iad sa bhaile; agus
  - Creideann 79% de na tomhaltóirí a ndearnadh suirbhé orthu go bhfuil an tseirbhís le haghaidh sonraí / an tseirbhís rochtana idirlín atá acu ar a bhfón póca sách maith le go bhféadfaidís gníomhaíochtaí a bhaineann lena gcuid oibre a dhéanamh agus iad sa bhaile. [23]
- Tá ardú ag teacht ar an trácht sonraí soghluaiste, mar shampla in 2020 tháinig méadú 44% ar shonraí soghluaiste i gcomparáid leis an mbliain 2019[24], agus tháinig méadú 121% ar shonraí soghluaiste i R3 2021 i gcomparáid le R1 2019[25]. Ina theannta sin, is ionann na seirbhísí guthghlao soghluaiste agus 87% den trácht gutha iomlán in Éirinn.[26]

23 Doiciméad 21/42 – Tionchar Covid-19 ar úsáid tomhaltóirí agus ar thuiscint ar sheirbhísí teileachumarsáide - Suirbhé R1 2021
24 Ba é 539,697,814 GB trácht sonraí soghluaiste in 2019 agus 778,683,589 GB in 2020.
25 B'é 120,721,496GB an trácht ar shonraí soghluaiste i R1 2019 agus 267,579,129GB i R3 2021.
26 Príomhshonraí Ráithiúla ComReg ó R3 2021.

- Léirítear an t-ardú atá tagtha ar an trácht i gcás sonraí soghluaiste freisin i dtéarmaí an mheánúsáid a bhaineann tomhaltóirí as an bhfón póca in aghaidh an lae. Mar shampla, d'fhéadfaidh go gcaithfeadh tomhaltóir 30 nóiméad ar an meán in aghaidh an lae ar ghlao soghluaiste traidisiúnta a dhéanamh/a fháil i gcomparáid le 130 nóiméad in aghaidh an lae ar ghníomhaíochtaí a dteastaíonn MBB dóibh (m.sh. ríomhphoist, na meáin shóisialta, feidhmchláir bunaithe ar an idirlíon le haghaidh glaonna gutha, feidhmchláir leis an teilifís a shruthú agus físeán ar éileamh, ceol a shruthú agus brabhsáil ar láithreáin ghréasáin ghinearálta).[27]

**3.42** Chríochnaigh ComReg na sruthanna oibre seo a leanas chun (a) bonn eolais a chur faoi thograí bronnta speictrim amach anseo, (b) tuilleadh eolais a chur ar fáil do thomhaltóirí agus (c) taithí na dtomhaltóirí ar nascacht a fheabhsú:

- An 18 Nollaig 2020, d'fhoilsigh ComReg a fhreagra ar chomhairliúchán agus cinneadh maidir le Bronnadh Speictrim Ilbhanda don 700 MHz Duplex, 2.1 GHz, 2.3 GHz agus 2.6 GHz (féach Doiciméad ComReg 20/122 agus an leathanach gréasáin **Multi Band Spectrum Award**);
- Foilsíodh "Nascacht a fheabhsú in Éirinn – Dúshláin, réitigh agus gníomhartha". (féach Doiciméad 18/103);
- "Freastal ar Riachtanais Nascachta Tomhaltóirí" le Frontier Economics a choimisiúnú agus a fhoilsiú (féach Doiciméid ComReg 18/103a agus 18/103b);
- "Nascacht Soghluaiste sa Todhchaí in Éirinn" – le Oxera Consulting a choimisiúnú agus a fhoilsiú le Real Wireless (féach Doiciméid ComReg 18/103c agus 19/124f);
- "Coverage obligations and spectrum awards" le DotEcon a choimisiúnú agus a fhoilsiú (féach Doiciméid ComReg 18/103d agus 19/124b);
- Mar fhreagairt ar an gcás neamhghnách a rabhamar ann de bharr COVID-19, chuaigh ComReg i gcomhairle maidir le ceithre chreat ceadúnúcháin agus chuir sé i bhfeidhm iad (le toiliú an Aire[28][29]) ar mhaithe le cearta speictrim a shannadh go sealadach sna Bandaí 700 MHz Duplex, 2.1 GHz agus 2.6 GHz.[30] Chinn ComReg gur ghá cearta úsáide speictrim a shannadh go sealadach toisc gur measadh go mbeadh sé an-tábhachtach a bheith in ann glaonna gutha agus seirbhísí rochtana a dhéanamh nó a fháil ar an idirlíon (go háirithe taobh istigh) agus go mbeadh sé seo ar cheann de na rudaí ba thábhachtaí do na tomhaltóirí le linn COVID-19;[31][32] agus
- Cuireadh an Léarscáil um Chumhdach Soghluaiste Lasmuigh ar fáil - réiteach a thug leagan físiúil (bunaithe ar thíreolaíocht) do thomhaltóirí maidir leis an gclúdach soghluaiste lasmuigh a bhí á thuar ar fud na hÉireann, agus suíomh gréasáin idirghníomhach a úsáid[33].

**3.43** Tá an cur chuige seo ag teacht freisin le cuspóir straitéiseach ComReg, go sonrach Sprioc 3.2 den Ráiteas Straitéise ECS, go mbeadh rochtain fhorleathan ag na húsáideoirí deiridh ar sheirbhísí ardchaighdeáin agus ar fheidhmchláir chumarsáide ardchaighdeáin.

27 Sleamhnán 51 de Dhoiciméad 19/101.
28 Sleamhnán 51 de Dhoiciméad 19/101.
29 I mí Mheán Fómhair 2020, d'athraigh S.I. Uimh. 373/2020 teideal an Aire chuig "An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide".
30 COVID-19: Bearta Bainistíochta Speictrim Sealadacha | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (comreg.ie)
31 gov.ie - Óráid an Taoisigh, Leo Varadkar TD, Ráiteas Iar-Chomh-Aireachta, Dé Máirt an 24 Márta 2020 (www.gov.ie)
32 Ag obair ón mbaile le linn COVID-19 (citizensinformation.ie)
33 Féach https://coveragemap.comreg.ie/map

## Cuspóir Straitéiseach: Nascacht agus Teacht Aniar Líonra

**SPRIOC 3.2**
Agus an fhoireann uirlisí rialála á húsáid, cuireann gníomhaíochtaí ComReg nascacht chun cinn agus/ nó spreagann siad feidhmiú céimneach ar bonneagair.

**Fíor 5: Sprioc 3.2 de Ráiteas Straitéise Cumarsáide Leictreonaí 2021-2023 ComReg**

3.44 Ba cheart go mbeadh eintitis atá rialáilte go láneolasach maidir lena n-oibleagáidí, ba chóir dóibh cloí leo agus cultúr inmheánach comhlíonta a bheith acu. Tá sé mar sprioc ag ComReg, dá bhrí sin, go mbeadh na heintitis atá rialáilte réamhghníomhach d'fhonn a gcomhlíonadh féin a chinntiú, mar shampla, i dtaca leis na coinníollacha a bhaineann leis na ceadúnais speictrim raidió a eisíonn ComReg. Tá ComReg ag moladh go mbeadh rialuithe inmheánacha láidre ag oibreoirí ionas gur féidir neamhchomhlíontacht a chosc agus é a thabhairt faoi deara.

3.45 Agus é ag comhlíonadh a chuspóir straitéiseach maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú, déanann ComReg monatóireacht ghníomhach ar an speictream raidió[34] d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé á úsáid i gcomhréir leis na rialacháin agus na húdaruithe ábhartha agus déanfaidh sé idirghabháil nuair a oireann.

3.46 Foilsíonn ComReg tuarascáil bhliantúil chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoina chomhlíonadh i leith speictrim raidió agus faoina ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin féin, faoin gcreat dlí ábhartha, agus d'fhonn faisnéis a thabhairt i dtaobh ceanglais atá ann cheana agus/nó faoi cheanglais nua atá le comhlíonadh.

## Cuspóir Straitéiseach: Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

**SPRIOC 4.1**
Go mbeadh eintitis atá rialáilte réamhghníomhach d'fhonn a gcomhlíonadh féin a chinntiú.

**SPRIOC 4.2**
Déantar gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe ComReg a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as próisis atá cothrom agus oibiachtúil, agus dírítear iad agus tugtar tosaíocht dóibh de réir mar is cuí.

**SPRIOC 4.3**
Tá sraith de chumhachtaí éifeachtacha ag ComReg chun comhlíonadh a spreagadh agus monatóireacht agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh.

**Fíor 6: Spriocanna 4.1, 4.2, agus 4.3 de Ráiteas Straitéise Cumarsáide Leictreonaí ComReg 2021-2023**

3.47 Aithníonn ComReg a riachtanaí atá sé dul i dteagmháil le geallsealbhóirí difriúla agus le páirtithe leasmhara éagsúla. Bíonn rannpháirtíocht de chineálacha éagsúla i gceist, lena n-áirítear fóraim, comhairliúchán foirmiúil agus tograí a bheith á bhfoilsiú ar a shuíomh gréasáin[35]. Tá sé seo ag teacht le cuspóir straitéiseach ComReg a bheith ina rialtóir éifeachtach, sofhreagrúil agus ábhartha mar a léirítear i Sprioc 5.3 den Ráiteas Straitéise ECS.

34 Mar shampla, tugann ComReg faoi mhonatóireacht margaidh ar tháirgí, imscrúduithe ar thrasnaíochtaí ar na minicíochtaí raidió, monatóireacht ar speictream radio agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe.

35 Doiciméad ComReg 11/34 – Nósanna Imeachta ComReg mar a bhaineann le Comhairliúcháin – foilsithe 6 Bealtaine 2011

3.48 Bíonn ComReg ag plé go leanúnach le raon de chomhlachtaí rialála ag an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear rialtais Eorpacha eile, an Grúpa Beartais Speictrim Raidió ("RSPG"),[36] an ITU agus an CEPT ar mhaithe le cur leis an díospóireacht ar bheartas rialála don bhainistíocht ar speictrim raidió agus ionchur a bheith aige sa chinnteoireacht rialála i suíomh idirnáisiúnta. I gcásanna áirithe, ghlac ComReg róil cheannaireachta sna comhlachtaí seo, mar aitheantas ar an stádas atá aige mar rialtóir atá faoi stiúir saineolaithe agus bunaithe ar eolas. Cabhraíonn an comhoibriú idirnáisiúnta le timpeallacht oscailte agus iomaíoch a fhorbairt inar féidir leis an nuálaíocht, an chruthaitheacht agus an iomaíocht bláthú.

3.49 Tagann an cur chuige seo le cuspóir straitéiseach ComReg cur le dea-chleachtais daoine eile agus a bheith ag foghlaim uathu agus acmhainní suntasacha a úsáid ar mhaithe le tuiscint a fháil ar na hanailísí rialála agus na cinntí a dhéanann a chomhghleacaithe ag an leibhéal idirnáisiúnta.

## Cuspóir Straitéiseach: Eagraíocht



**SPRIOC 5.3**
Tá ComReg réamhghníomhach maidir leis an rannpháirtíocht le raon de pháirtithe leasmhara

**SPRIOC 5.4**
Cuireann ComReg leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus foghlaimíonn sé uaidh.

**Fíor 7: Spriocanna 5.3 agus 5.4 de Ráiteas Straitéise um Chumarsáid Leictreonach 2021-2023 ComReg**

36 Is grúpa comhairleach ardleibhéil é an Grúpa um Beartais speictrim Raidió (RSPG) a chuidíonn leis an gCoimisiún Eorpach beartais a fhorbairt don speictream raidió - https://rspg-spectrum.eu/

# 4

# Gnéithe a chuireann bonn eolais faoi phlean oibre ComReg do 2022-2024

**4.1** Tá go leor tosca a mbíonn tionchar acu ar an éileamh ar speictream raidió agus ar a sholáthar, lena n-áirítear éileamh na n-úsáideoirí deiridh, athruithe ar an teicneolaíocht nó forbairt ar an teicneolaíocht, comhoiriúnú idirnáisiúnta ar speictrim raidió, agus beartais ábhartha náisiúnta nó idirnáisiúnta.

**4.2** Bíonn tionchar ag na tosca seo ar a chéile freisin. Mar shampla, má thagann ardú ar an éileamh ó úsáideoirí deiridh na seirbhísí spreagtar dul chun cinn sna teicneolaíochtaí a bhíonn in úsáid chun na seirbhísí sin a sholáthar agus déantar bearta idirnáisiúnta comhoiriúnaithe nó beartais náisiúnta/ idirnáisiúnta a fhorbairt, agus a mhalairt.

**4.3** Sa chaibidil seo, tugann ComReg breac-chuntas ar roinnt tosca a chuir bonn eolais faoina phlean oibre don speictrim raidió le haghaidh 2022 go 2024, lena n-áirítear:

- Comhoiriúnú idirnáisiúnta ar speictrim raidió;
- Comhdhálacha Domhanda um Radachumarsáid;
- Cinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le comhoiriúnú;
- Éileamh ó na húsáideoirí deiridh (go háirithe ar leathanbhanda soghluaiste);
- Athruithe agus dul chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de (a bhain le seirbhís);
- Ceadúnais atá ann cheana a bheith ag dul in éag go gairid (m.sh. laistigh de na 5 bliana atá amach romhainn); agus
- earnáil an ECS agus an t-athrú aeráide.

## 4.1 Comhoiriúnú idirnáisiúnta ar speictrim raidió

**4.4** Tá ról lárnach ag an bpróiseas idirnáisiúnta oiriúnaithe ó thaobh an méid éilimh a bhíonn ar speictream raidió agus maidir lena sholáthar, mar gheall ar an leas a dhéanann sé ó thaobh cuidiú le barainneachtaí scála nuair a bhíonn trealamh raidió á mhonarú (rud laghdaíonn an costas a bhaineann le líonraí gan sreang a imscaradh agus an costas a bhaineann le feistí gan sreang do thomhaltóirí), agus go mbíonn níos lú trasnaíochta idir úsáideoirí dá bharr.

**4.5** Tá comhoiriúnú idirnáisiúnta, agus na buntáistí a bhaineann leis thar a bheith tábhachtach do thíortha beaga ar nós Éirinn, nach bhfuil an cumas céanna acu difear a dhéanamh do na treochláir teicneolaíochta a ghlacann soláthraithe domhanda an trealaimh raidió de ghnáth.

**4.6** Tá roinnt comhlachtaí ann a shocraíonn na bearta comhoiriúnaithe don speictrim raidió, lena n-áirítear ITU (agus/nó na grúpaí réigiúnacha comhpháirteacha), CEPT agus comhlachtaí de chuid an AE. Leagann na comhlachtaí seo clár oibre réamhbhreathnaitheach amach go hiondúil, agus tugann sé sin leid maidir leis na bearta comhoiriúnaithe a chuirfear i bhfeidhm sa todhchaí. Mar shampla, dírítear léitheoirí chuig an mír ar chlár oibre Chomhdháil Dhomhanda Radachumarsáide an ITU (“WRC”) atá leagtha amach thíos agus chuig pleananna oibre CEPT[37] agus an Ghrúpa um Polasaí Speictrim Raidió.[38]

---

37 Mar shampla, sainaithnítear na mórthopaicí seo a leanas i bPlean Straitéiseach ECC don tréimhse 2020-2025:
- Chun athbhreithniú a dhéanamh, ar aon dul le Mír 1.5 de WRC-23, ar an mbanda UHF (470-960 MHz), ag cur san áireamh úsáid reatha PMSE sa bhanda seo;
- Leathanbhanda agus nascacht gan sreang, lena n-áirítear leathanbhanda soghluaiste, WAS/RLAN, cúlchóiriú, PMSE, ceartingir agus úsáid as bandaí minicíochta níos airde;
- Saincheisteanna a bhaineann le húdaruithe ginearálta agus úsáid as díolmhaithe ó cheadúnas speictrim (e.g. SRDanna, lena n-áirítear IoT/M2M, agus úsáidí speictrim comhchosúla eile);
- Córais satailíte den chéad ghlúin eile (lena n-áirítear réaltbhuíon fhithisí neamh-Gheochobhsaí-Satailíte mega agus satailítí gearrfhad) agus tionscnaimh eile a bhféadfadh coinníollacha teicniúla agus/nó rialála a bheith de dhíth ina leith; agus
- Samhlacha agus feidhmchláir nua ghnó a d’fhéadfadh teacht chun cinn bunaithe ar an dul chun cinn is déanaí sna teicneolaíochtaí líonra, e.g. méideanna cille níos lú do 5G leis an mbonneagar cúltaca cuí agus samhlacha neodracha bonneagair an líonra óstach.

38 Áirítear ar chlár oibre RSPG do 2020 agus ina dhiaidh sin (RSPG20-005 Final Rev1) na míreanna oibre seo a leanas:
- Comhroinnt Speictrim – tionscnaimh agus bandaí ceannródaí;
- Riachtanais speictrim bhreise agus treoir maidir le líonraí leathanbhanda gan sreang don tréimhse amach romhainn a chur i bhfeidhm go tapa;
- Ról an Bheartais Speictrim Raidió chun cabhrú dul i ngleic leis leis an Athrú Aeráide;
- Athbhreithniú piaraí agus comhar na mBallstát maidir le húdaruithe agus bronnadh;
- Comhdháil Dhomhanda Um Radachumarsáid (WRC); agus
- Tuairim maidir le Clár Beartais nua an AE i dtaca le Speictream Raidió (RSPP)

I gcásanna áirithe, bíonn cinntí comhoiriúnaithe éigeantach ar na Ballstáit agus, ar an gcaoi sin, tagann ardú ar an soláthar speictrim go díreach, agus de ghnáth taobh istigh de thréimhse ama sainithe, ag an leibhéal náisiúnta.[39]

**4.7** Chomh maith le comhoiriúnú na mbandaí speictrim raidió, nuair a leagtar síos caighdeáin chomhoiriúnaithe le haghaidh trealamh raidió bíonn ról tábhachtach aige mar a bhaineann le bainistiú ar speictrim a éascú, go háirithe ó thaobh trasnaíocht idir úsáideoirí a laghdú. Laistigh den Eoraip, is iad na príomhpháirtithe leasmhara atá freagrach as na caighdeáin sin a leagan síos ná an Coiste Eorpach um Chaighdeánú ("CEN"), an Coiste Eorpach um Chaighdeánú Leictriteicniúil ("CENELEC") agus an Institiúid Eorpach um Chaighdeáin Teileachumarsáide ("ETSI"). Oibríonn na comhlachtaí sin in éineacht le coistí teicniúla náisiúnta agus le comhlachtaí i dtionscail éagsúla, mar shampla, an 3GPP[40] as a bhforbraítear caighdeáin do na teicneolaíochtaí soghluaiste (e.g. LTE, LTE+ agus 5G NR).

**4.8** Glacann ComReg páirt ghníomhach in obair an CE, CEPT agus ITU, áit a bhfuil tosaíocht tugtha aige do thascanna agus do ghníomhaíochtaí agus áit bhfuil na hacmhainní ar fáil chun é sin a dhéanamh.

### 4.1.1 Comhdhálacha Domhanda Um Radachumarsáid

**4.9** Conradh idirnáisiúnta atá i Rialacháin Raidió an ITU lena rialaítear úsáid an speictrim radaimhinicíochta agus na fithisí geochobhsaí-shatailíte agus neamh-gheochobhsaí-shatailíte. Faoi théarmaí Bhunreacht an ITU, ní féidir ach le comhdháil dhomhanda radachumarsáide:

- athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacháin Raidió an ITU agus ar aon sannadh minicíochta agus pleananna leithdháilte a bhaineann leo;
- aghaidh a thabhairt ar aon cheist dhomhanda a bhaineann leis an radachumarsáid;
- treoir a thabhairt do Bhord Rialacháin Raidió an ITU agus don Bhiúró, agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí; agus
- ceisteanna a roghnú chun go ndéanfaidh an Tionól Radachumarsáide agus a ghrúpaí staidéir staidéar orthu, mar ullmhúchán do WRCanna amach anseo.

**4.10** Déantar athbhreithniú agus leasú ar Rialacháin Raidió an ITU ag comhdhálacha domhanda radachumarsáide a reáchtáiltear gach trí nó ceithre bliana. Déantar athbhreithnithe bunaithe ar mhíreanna ar an gclár oibre ar ghlac Comhairle an ITU cinneadh ina leith, agus cuirtear san áireamh moltaí a rinne comhdhálacha raidió-chomórtha domhanda roimhe sin. Bíonn an raon feidhme ginearálta mar a bhaineann le clár oibre na gComhdhálacha Domhanda um Radachumarsáid leagtha síos idir ceithre agus sé bliana roimh ré, trí thromlach Bhallstáit an ITU a thionól.

**4.11** Reáchtáladh an 38ú Comhdháil Dhomhanda um Radachumarsáid san Éigipt ón 28 Deireadh Fómhair go dtí an 22 Samhain 2019. Bhí tionchar ag toradh Chomhdháil 2019 ar phleananna oibre chomhlachtaí ábhartha an CE agus CEPT agus dá bhrí sin ar ComReg mar a bhain le bearta nua comhoiriúnaithe a chur chun feidhme. In Iarscríbhinn 2 den chomhairliúchán maidir leis an straitéis seo (Doiciméad 21/90), sonraítear na príomhthopaicí agus na príomhthorthaí ó Chomhdháil Dhomhanda um Radachumarsáid 2019.

**4.12** Chomh maith leis sin, chomhaontaigh na toscairí ag Comhdháil Dhomhanda um Radachumarsáid 2019 clár oibre na chéad Chomhdhála eile in 2023, in éineacht leis

39 San Eoraip, tá cinntí AE/CE éigeantach ar na Ballstáit, agus tá cinntí CEPT neamhcheangailteach cé go nglacann comhaltaí leo go deonach.

40 unaíodh 3GPP, nó an Tionscadal Comhpháirtíochta 3ú Glúin, ar dtús i mí na Nollag. Eagraíocht innealtóireachta atá ann a fhorbraíonn sonraíochtaí teicniúla a dhéanann na seacht nEagraíocht Réigiúnach um Shocrú Caighdeán (SSOanna) a thrasuí agus a chruthaíonn an chomhpháirtíocht 3GPP ina dhiaidh sin. I gcás na hEorpa, is é ETSI SSO na hEorpa.

an réamhchlár oibre le haghaidh 2027. Leagtar amach sa chlár oibre do Chomhdháil Domhanda Radachumarsáide 2023 an treochlár le haghaidh forbairtí tábhachtacha teicneolaíochta sa todhchaí, a dtabharfaidh grúpaí staidéir an ITU-R aghaidh orthu agus a bhfuiltear chun dul i ngleic leo ag an leibhéal réigiúnach sna ceithre bliana atá amach romhainn.

**4.13** Tá naoi gcinn deag de mhíreanna sonracha ar an gclár oibre atá comhaontaithe do Chomhdháil Dhomhanda um Radachumarsáid 2023 agus aon cheann déag de mhíreanna seasta, a ndéanfar staidéar orthu sna blianta idir Comhdháil Dhomhanda 2019 agus Comhdháil Dhomhanda 2023. Is ó mholtaí de chuid CEPT a thagann trí cinn déag de na míreanna seo ar an gclár oibre, go pointe áirithe ar a laghad.

**4.14** Tá tús curtha le hullmhúcháin na hÉireann, faoi stiúir na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá an-bhaint ag ComReg leis an obair seo agus cuideoidh sé leis an Roinn na cuspóirí agus na spriocanna a leagfar síos sa phróiseas náisiúnta ullmhúcháin a bhaint amach.

**4.15** Is iad seo a leanas na míreanna ar chlár oibre Chomhdháil Dhomhanda um Radachumarsáid 2023 is mó a bhfuil suim ag Éirinn iontu:

- Leathanbhanda agus Craolachán Soghluaiste;
- Cumarsáid Leathanbhanda Soghluaiste;
- Cumarsáid Aerloingseoireachta;
- Cumarsáid Satailíte;
- Úsáid Eolaíoch as Speictrim; agus
- Nithe eile.

**4.16** Tá ComReg ag obair go gníomhach, laistigh de na srianta a bhaineann le hacmhainní, sa ghrúpa oibre atá ag ullmhú ionchur CEPT le haghaidh Comhdháil Dhomhanda um Radachumarsáid 23, chomh maith le bheith páirteach sa Ghrúpa um Beartas Speictrim Raidió a chuireann comhairle ar an gCoimisiún Eorpach i dtaobh gnéithe atá tábhachtach don AE agus a mbeifear ag déileáil leo ag an gComhdháil Domhanda um Radachumarsáid 2023.

## 4.2 Cinntí comhoiriúnaithe ón gCoimisiún Eorpach

**4.17** Nuair a ghlactar le cinntí de chuid an CE ar chomhoiriúnú speictrim raidió bíonn tionchar aige ar phlean oibre ComReg toisc go gcuireann na cinntí sin oibleagáid ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, go hiondúil, gníomhaíochtaí sonracha atá leagtha amach sa chinneadh a chur i gcrích laistigh de thréimhsí ama sonracha.

**4.18** Pléann an chuid seo roinnt:

- cinntí comhoiriúnaithe atá ann cheana, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha do:
  - Leathanbhanda Gan Sreang (“WBB”) nó Líonraí Cumarsáide Soghluaiste agus Seasta (“MFCN”); agus
  - Córais chliste iompair (“ITS”)[41] sa Bhanda GHz 5.9.
- cinntí comhoiriúnaithe don todhchaí atá á ndréachtú faoi láthair agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar phlean oibre ComReg, tráth a nglacfar leo.

41 Ciallaíonn ITS raon de chórais agus de sheirbhísí, bunaithe ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear próiseáil, rialú, láithriú, cumarsáid agus trealamh leictreonach, a chuirtear i bhfeidhm ar chóras iompair de bhóthar nó ar chóras iompair iarnróid uirbigh, nó ar an dá rud.

### 4.2.1 Cinntí de chuid an CE ar chomhoiriúnú atá ann cheana

**Bandaí speictrim le haghaidh WBB / MFCN**

4.19 Le linn na tréimhse 2019-2022, glacadh le roinnt cinntí de chuid an CE a bhain le Comhoiriúnú le haghaidh WBB mar a leagtar amach i Roinn 3.2.4 de Dhoiciméad 21/90. Tá gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm ag ComReg chun na Cinntí seo de chuid an CE a chur chun feidhme, ag tabhairt faoi deara i measc rudaí eile:


- déanfaidh próiseas bronnta MBSA 2021 speictream a shannadh i gcomhréir le cinntí ábhartha an CE do na Bandaí 700 MHz, 2.1 GHz, agus 2.6 GHz;
- leasaíodh na ceadúnais 3.6 GHz chun na paraiméadair theicniúla chomhoiriúnaithe nua do na Córais Aeróga Gníomhacha ("AAS") a léiriú ag stáisiúin bonn Banda GHz 3.6 mar a leagadh amach i gCinneadh (AE) 2019/235, agus, ar an gcaoi sin, beidh na ceadúnaithe ábalta leas a bhaint as an gcumas atá ag na teicneolaíochta AAS acmhainn agus cumhdach a mhéadú ar a gcuid líonraí 5G sa Bhanda GHz 3.6; agus
- cé go ndearnadh gníomhaíochtaí chun cinntí an CE a bhaineann leis na Bandaí Garda 700 MHz agus an Duplex Gap, an Banda 1.4 GHz agus an Banda 26 GHz, a chur i bhfeidhm níl a phróiseas comhairliúcháin a dhéanann ComReg, sula sanntar speictream, curtha i gcrích fós ag ComReg. Faoi réir éilimh agus tar éis do MBSA 2021 a bheith tugtha chun críche, leanfaidh ComReg lena chomhairliúchán ar na bandaí speictrim seo, ag tabhairt dá aire go bhféadfadh go mbeadh sé inmholta bandaí speictrim eile atá le comhoiriúnú go gairid a chur san áireamh in aon chomhairliúchán den chineál sin.

4.20 Maidir le speictream a bheith á shannadh i mbandaí comhoiriúnaithe le haghaidh úsáid léirscaoilte, lena n-áirítear chun críocha WBB/MFCN, tá ComReg dírithe faoi láthair ar bhronnadh an MBSA 2021 a thabhairt chun críche.

Tráth a gcuirfear an bronnadh sin i gcrích go rathúil, tiocfaidh méadú 47% ar an méid speictrim chomhoiriúnaithe ar fad a bheidh ar fáil le haghaidh WBB agus seirbhísí eile, ó 750 MHz mar atá faoi láthair go dtí 100 MHz i ndiaidh na mbronnadh, mar a léirítear i bhFigiúr 8 thíos.

4.21 Cuirfidh sé seo candam suntasach speictrim ar fáil d'oibreoirí chun a gcuid líonraí a fhorbairt ar mhaithe le freastal ar méadú atá ag teacht ar an éileamh ar sheirbhísí soghluaiste/WBB, atá níos tapúla agus níos forbartha. Áirítear leis an speictream atá fós le sannadh speictream fo-1 GHz atá in ann cumhdach forleathan 4G agus na seirbhísí nua 5G a sholáthar, chomh maith le speictream i mbandaí os cionn 1GHz a bheidh thar barr chun acmhainn shuntasach líonra a chur ar fáil le haghaidh seirbhísí leathanbhanda soghluaiste agus WBB.

## Figiúr 8: Speictream comhchuibhithe iomlán a chuirtear ar fáil do sheirbhísí leathanbhanda móibíleacha, fánaíochta agus fosaithe gan sreang




### Córais Chliste Iompair sa Bhanda 5.9 GHz

**4.22** Clúdaíonn an córas cliste iompair córais chliste le haghaidh bóithre[42] agus córais chliste le aghaidh iarnróid uirbeacha[43] araon agus tá sé d'acmhainn aige an-fheabhas a chur ar éifeacht an chórais iompair, ar shábháilteacht tráchta agus ar an gcompord a bhíonn ag daoine le linn dóibh a bheith ag taisteal.

**4.23** I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach cinneadh nuashonraithe maidir le cur chun feidhme an Chórais Chliste Iompair (ITS) ("(AE) 2020/1426").[44]Mar thoradh air sin, d'ainmnigh ComReg an banda minicíochta 5875-5935 MHz do na córais chliste iompair agsu rinne sé an banda minicíochta seo a leithdháileadh, ar bhonn neamheisiach ar ITS, in athbhreithniú mhí na Nollag 2020 ar an bplean radaimhinicíochta d'Éirinn.[45]

**4.24** Is é an mír atá ar phlean oibre ComReg mar a bhaineann le ITS don tréimhse 2022 - 2024 ná dul i gcomhairle maidir leis an mbealach a rialófar an Banda 5.9 GHz le haghaidh ITS in Éirinn. Áireofar leis seo breithniú ar na gnéithe sin den chóras ITS ab fhearr a d'fhéadfaí a dhíolmhú ó cheadúnas agus na gnéithe a dteastódh ceadúnú ina leith, chomh maith le cur chun feidhme na gcóras ceadúnais (coinníollacha teicniúla, táillí, córas bronnta, etc.) atá beartaithe ag ComReg.

---

42 Áirítear leis na Córais Chliste Iompair do na Bóithre ( ITS) córais chomhoibríocha atá bunaithe ar chumarsáid fíor-ama idir an fheithicil (lena n-áirítear gluaisteáin, trucailí, rothair, coisithe, etc.) agus a bhfuil ina dtimpeall (feithiclí eile, bonneagar,lena n-áirítear láithreáin thionsclaíocha agus láithreáin talmhaíochta agus tógála)

43 Is éard atá san ITS do na hIarnróid uirbigh ná córais iompair phoiblí atá treoraithe go buan ag córas rialaithe agus bainistíochta amháin ar a laghad, agus atá ann chun seirbhísí áitiúla, uirbeacha agus fo-uirbeacha do phaisinéirí a oibriú, scartha amach ón trácht ginearálta ar na bóithre agus ó thrácht coisithe.

44 Cinneadh ar chur chun feidhme (AE) 2020/1426 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le húsáid chomhoiriúnaithe speictrim raidió sa bhanda minicíochta 5875-5935 MHz le haghaidh feidhmeanna na gcóras cliste iompair (CCI) a bhaineann le sábháilteacht agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/671/CE.

45 Féach ComReg 20/58R1 – Plean Radaimhinicíochta d'Éirinn – foilsithe an 18 Nollaig 2020.

### Athruithe ar an gcóras ceadúnais GSM-R

**4.25** Is córas cumarsáide digiteach é GSM-R, atá bunaithe ar úsáid na teicneolaíochta GSM, agus forbraíodh é le cur in ionad an chórais cumarsáide analógach VHF/UHF atá ann faoi láthair don ghréasáin iarnróid. I gcodarsnacht leis an GSM soghluaiste poiblí, is líonra cumarsáide neamhphoiblí é GSM-R a úsáidfidh oibreoirí iarnróid san Eoraip. Chun tacú le digitiú na n-iarnród agus nuálaíocht seirbhíse, tá GSM-R agus a chomharba(í), lena n-áirítear Córas Cumarsáide Soghluaiste Iarnróid don Todhchaí ("FRMCS"), ainmnithe anois faoin téarma uileghabhálach Raidió Soghluaiste Iarnróid ("RMR").

**4.26** Mar thacaíocht don aistriú seo chuig FRMCS, i mí Mheán Fómhair 2021, rinne an CE comhoiriúnú ar úsáid dhá bhanda minicíochta d'fhonn tabhairt isteach an RMR a éascú[46]. Mar gheall ar an gcinneadh cur chun feidhme seo is gá do na Ballstáit:

- bandaí minicíochta péireáilte 874.4-880.0 MHz agus 919.4-925.0 MHz a ainmniú agus a chur ar fáil ar bhonn neamheisiach faoi Eanáir 2022; agus
- bunaithe ar éileamh náisiúnta, an banda minicíochta neamhíoctha 1900-1910 MHz do Raidió Soghluaiste Iarnróid a ainmniú agus a chur ar fáil ar bhonn neamheisiach faoin 1 Eanáir 2025 ar a dhéanaí.

**4.27** Le linn na tréimhse 2022-2024, tá sé i gceist ag ComReg na hathruithe a cheanglaítear leis an gcinneadh cur chun feidhme a fheidhmiú. D'fhéadfadh go mbeadh gá, dá bharr seo, rialacháin nua a chur i bhfeidhm agus chaithfí forálacha a dhéanamh chun an ceadúnas GSM-R atá ag Iarnród Éireann faoi láthair, a rachaidh in éag an 26 Samhain 2026, a chur san áireamh.

## 4.2.2 Cinntí de chuid an CE a bhaineann le Comhoiriúnú amach anseo

**4.28** Sa roinn seo, pléitear cinntí de chuid an CE ar chomhoiriúnú don todhchaí agus cuspóirí ComReg i dtaca lena leithéid don tréimhse 2022-2024.

### Bandaí Minicíochta Os cionn 24 GHz

**4.29** An 30 Márta 2020, chuir an Coimisiún Eorpach sainordú faoi bhráid CEPT chun na dálaí teicniúla comhoiriúnaithe is lú a mbaineann srian leo a fhorbairt a bheadh oiriúnach do chórais gan sreang trastíre den chéad ghlúin eile (5G) sna bandaí minicíochta tosaíochta os cionn 24 GHz.[47]

**4.30** Mar fhreagairt ar Thasc 3 de shainordú an CE, a bhaineann leis an mbanda minicíochta 66-71 GHz, d'fhoilsigh CEPT Tuarascáil 78, ina meastar gur leor na coinníollacha teicniúla atá cheana féin faoi Chinneadh an CE maidir le SRD (AE) 2019/1345 agus i Moladh ERC 70-03 le go bhféadfaí córais MFCN 5G a thabhairt isteach sa bhanda sin agus nach gá aon athruithe a dhéanamh faoi láthair.

**4.31** Mar fhreagairt ar Thascanna (1, 2 agus 4) de shainordú an CE ar bhanda minicíochta 40.5-43.5 GHz, tá Tuarascáil á dhréachtú ag CEPT a mheasfaidh i measc nithe eile, an gá atá le teorainneacha sonracha lasmuigh den bhloc atá faoi bhun 40.5 GHz ionas gur féidir leo a bheith taobh leis na seirbhísí sa bhanda minicíochta 39.5-40.5 GHz atá in aice láimhe. Níor samhlaíodh go dtiocfadh an fhadhb seo chun cinn nuair a forbraíodh an sainordú i dtús ama.

**4.32** In Éirinn, tá na naisc sheasta raidió atá ceadaithe faoi láthair sa bhanda 40.5 – 43.5 GHz (42 GHz) agus tá 63 ceadúnas eisithe i láthair na huaire. Beidh úsáid as an mbanda 42 GHz amach anseo faoi réir aon chinntí a ghlacfaidh an CE agus/nó an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (ECC).

---

46 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1730 ón gCoimisiún maidir le húsáid chomhoiriúnaithe na mbandaí minicíochta péireáilte 874,4-880,0 MHz agus 919,4-925,0 MHz agus an bhanda minicíochta neamhíoctha 1900-1910 MHz don Raidió Soghluaiste Iarnróid

47 https://ec.europa.eu/newsroom/dae/document.cfm?doc_id=66338

Dá bhrí sin, tá sé i gceist ag ComReg leanúint den mhonatóireacht agus dá ionchur sna cainteanna ar an ábhar seo sa CE agus sa Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (ECC). Má ghlactar aon chinntí de chuid an CE agus/nó an ECC le linn na tréimhse 2022-2024, breithneoidh ComReg cur i bhfeidhm cuí na gcinntí sin de réir mar is gá.

### Sainordú an CE maidir le 5G: 900/1800 MHz

**4.33** An 12 Iúil 2018, chuir an Coimisiún Eorpach sainordú faoi bhráid CEPT le go ndéanfaí athbhreithniú ar na coinníollacha teicniúla comhoiriúnaithe mar a bhain le bandaí minicíochta áirithe atá comhoiriúnaithe ag an Aontas, lena n-áirítear na bandaí 900 agus 1800 MHz, agus na dálaí teicniúla comhoiriúnaithe is lú a mbainfeadh srian leo agus a bheadh oiriúnach do chórais talún gan sreang den chéad ghlúin eile (5G).[48]

**4.34** Mar fhreagairt ar an sainordú sin, tá Tuarascáil 72 seachadta ag an CEPT[49] chomh maith le Tuarascáil 80,[50] agus i mí na Samhna 2021, chuaigh CEPT i gcomhairle maidir le dréacht de Chinneadh athbhreithnithe an Lárionaid Eorpach do Thomhaltóirí ECC (06)13.[51]

- Soiléirítear i dTuarascáil 72 de chuid CEPT go leanfaidh córais chúngbhanda, lena n-áirítear GSM agus córais cheallacha IoT, de bheith ag feidhmiú ar bhonn tráchtála laistigh den bhanda 900 MHz go ceann i bhfad. Ina theannta sin, leagtar amach ann deighilt minicíochta 200 kHz le haghaidh cásanna áirithe ina mbeadh córais trastíre le taobh a chéile chun seirbhísí cumarsáide leictreonacha, le n-áirítear 5G NR, a chur ar fáil.
- I dTuarascáil CEPT 80, cuirtear socrú minicíochta comhoiriúnaithe ar fáil agus na coinníollacha comhoiriúnaithe teicniúla is lú srian, ullmhaithe le haghaidh 5 G, don dá bhanda. Ní bheidh córais antenna gníomhacha i gceist ach amháin do stáisiúin bhunáite sa bhanda 1800 MHz. Cinntíonn toradh na hoibre a rinne CEPT gur féidir leis na córais trastíre a bheith ann i gcónaí le chéile agus seirbhísí cumarsáide leictreonacha á soláthar le GSM sa bhanda 900 MHz, gcomhréir le ceanglais na Treorach ar GSM.
- Leagtar amach i ndréachtchinneadh athbhreithnithe an ECC (06)13 na coinníollacha comhoiriúnaithe teicniúla CEPT le haghaidh líonraí cumarsáide soghluaiste/seasta (MFCN), lena n-áirítear córais IMT trastíre, seachas GSM agus EC-GSM IoT, sna bandaí 880-915/925-960 MHz agus 1710-1785/1805-1880 MHz.

**4.35** Ar bhonn an dá Thuarascáil de chuid CEPT, chuir an Coimisiún an chéad dréacht de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún (RSCOM21-20) faoi bhráid an Choiste Um An Speictream Raidió ag an gcruinniú CSI#75 dá chuid, lena phlé. Ba cheart go dtiocfadh an dréachtchinneadh sin, go foirmiúil, in ionad Chinneadh 2009/766/CE an Choimisiúin[52] agus ag an am céanna go gcoinneofaí comhoiriúnacht leis an gcreat teicniúil atá ann cheana do bhandaí minicíochta 900 MHz agus 1800 MHz agus go ndéanfaí é a leasú ó thaobh na gcoinníollacha teicniúla atá oiriúnach do chórais gan sreang trastíre den chéad ghlúin eile (5G).

48 https://ec.europa.eu/newsroom/dae/document.cfm?doc_id=57746

49 Tuarascáil CEPT 72 - Athbhreithniú ar choinníollacha teicniúla sa chóras trastíre péireáilte 2 GHz agus na bandaí minicíochta 2.6 GHz, agus a indéanta a bheadh se úsáid a bhaint as na bandaí minicíochta 900 MHz agus 1800 MHz - https://docdb.cept.org/download/129

50 Tuarascáil CEPT 80 - Socruithe cainéil agus na coinníollacha teicniúla is lú srian atá oiriúnach do ECS lena n-áirítear córais talún gan sreang 5G sna bandaí minicíochta 900 MHz agus 1800 MHz, i gcomhréir le prionsabail na neodrachta mar a bhaineann leis an teicneolaíocht agus le seirbhís - https://docdb.cept.org/download/3454

51 Cinneadh (06)13 ón ECC - *Coinníollacha teicniúla comhoiriúnaithe chuibhithe do líonraí cumarsáide soghluaiste/seasta (MFCN) lena n-áirítear córais IMT trastíre, seachas GSM agus EC-GSM IoT, sna bandaí 880-915/925-960 MHz agus 1710-1785/1805-1880 MHz* https://cept.org/files/9522/Draft%20revision%20of%20ECC%20Dec%20(06)13.docx

52 Cinneadh ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2009 maidir le comhoiriúnú ar bhandaí minicíochta 900 MHz agus 1800 MHz do chórais trastíre atá in ann seirbhísí cumarsáide leictreonacha uile-Eorpacha a sholáthar sa Chomhphobal (ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad C(2009) 7801)Téacs atá ábhartha maidir le LEE (europa.eu)

**4.36** Ag an 77ú cruinniú den RSC aontaíodh dréachtchonradh cobhsaí ón gCoimisiún, agus iarradh ar na Ballstáit a dtuairimí eagarthóireachta deiridh a chur isteach faoin 14 Nollaig 2021. Chuir an Coimisiún Eorpach in iúl go gcuirfeadh sé na haistriúcháin nuashonraithe ar fáil agus go seolfadh sé an nós imeachta i scríbhinn, ionas go bhféadfaí an cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh agus spriocdháta an 14 Eanáir 2022 leis.

**4.37** Deonaíodh trí cheadúnas Úsáide Léirscaoilte do na bandaí 900 MHz agus 1800 MHz.[53] Dá bhrí sin, tá sé i gceist ag ComReg breithniú a dhéanamh, le linn na tréimhse 2022-2024, ar chur chun feidhme iomchuí Chinneadh Cur Chun Feidhme an CE atá le theacht.

### Úsáid chomhoiriúnaithe as speictrim raidió sa bhanda minicíochta 5 GHz chun córais rochtana gan sreang a chur chun feidhme lena n-áirítear na líonraí raidió do cheantair áitiúla.

**4.38** Ar an 14 Aibreán 2020, thug an Coimisiún sainordú do CEPT a bhain le leasú a dhéanamh ar an gCinneadh 2005/513/CE ón gCoimisiún[54] maidir le húsáid chomhoiriúnaithe speictrim raidió sa bhanda minicíochta 5 GHz chun Córais Rochtana Gan Sreang a chur chun feidhme (“WAS”) lena n-áirítear Líonraí Ceantair Raidió do Cheantair Áitiúla (“RLANanna”) tar éis Chomhdháil Dhomhanda um Radachumarsáid -19.

**4.39** Tá sé mar sprioc ag an sainordú torthaí na Comhdhála Domhanda um Radachumarsáid, ag a ndearnadh leasú ar Rún 229 maidir le seirbhísí soghluaiste a bheith ag úsáid na mbandaí 5150-5250 MHz, 5250-5350 MHz agus 5470-5725 MHz chun córais rochtana gan sreang, lena n-áirítear líonraí raidió do cheantair áitiúla, a chur chun feidhme.

Thar aon rud eile, chuir an sainordú de chúram ar an CEPT roghanna nua do WAS / RLANanna laistigh den bhanda 5150-5250 MHz a fhiosrú agus a fháil amach an bhféadfaí trealamh WAS/RLAN a úsáid ar bord feithiclí (aerárthaí, feithiclí bóthair (gluaisteáin, busanna) agus traenacha) agus measúnú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé WAS/RLANanna a úsáid le haghaidh naisc raidió sna Córais Aerárthaí Gan Foireann (“UAS”).

**4.40** Mar fhreagra ar an sainordú, d’fhoilsigh CEPT Tuarascáil 79[55] agus tá gnéithe den Cinneadh Cur Chun Feidhme athbhreithnithe ón gCoimisiún maidir le 5 GHz WAS/RLANanna dréachtaithe ag an AE chun go bhféadfaidh na Ballstáit iad a mheas.

**4.41** Ag an 77ú cruinniú de chuid an RSC comhaontaíodh dréachtchinneadh cobhsaí ón gCoimisiún, agus iarradh ar na Ballstáit a gcuid tuairimí eagarthóireachta deiridh a chur isteach faoin 14 Nollaig 2021.
Chuir an Coimisiún Eorpach in iúl go gcuirfeadh sé na haistriúcháin nuashonraithe ar fáil agus go seolfadh sé an nós imeachta i scríbhinn chun an cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh agus spriocdháta an 14 Eanáir 2022 leis.

**4.42** Tá sé i gceist ag ComReg breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme iomchuí Chinneadh Cur Chun Feidhme an CE don Todhchaí le linn na tréimhse 2022-2024.

---

53 Ceadúnais Soghluaiste An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (comreg.ie)

54 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32005D0513&from=EN

55 Tuarascáil 79 Ó CEPT - Tuarascáil ó CEPT chuig an gCoimisiún Eorpach mar fhreagairt ar an Sainordú i dtaca le Leasú a dhéanamh ar Chinneadh 2005/513/CE maidir le húsáid chomhoiriúnaithe speictrim raidió sa bhanda 5 GHz chun WAS/RLAN a chur chun feidhme tar éis WRC-19 - https://docdb.cept.org/download/3453

### An banda minicíochta 3800-4200 MHz do chórais leathanbhanda trastíre gan sreang a dhéanann nascacht líonra ceantair áitiúil phríobháideach a sholáthar

**4.43** Ag an 75 ú cruinniú da chuid i mí Iúil 2021, thug an Coimisiún Eorpach cáipéis i láthair[56] maidir le breithniú a dhéanamh ar shainordú a eisiúint chuig CEPT le measúnú a dhéanamh ar riachtanais speictrim a bhain leis an mbanda minicíochta 3800-4200 MHz a bheith á úsáid ag córais leathanbhanda trastíre gan sreang[57] chun nascacht líonra príobháideach a sholáthar do cheantair áitiúla ('líonraí áitiúla príobháideacha') agus coinníollacha teicniúla comhoiriúnaithe a fhorbairt maidir le húsáid chomhroinnte as an mbanda 3800-4200 MHz.

**4.44** Ar 22 Samhain 2021,[58] ghlac an Coimisiún Eorpach an dréacht den Sainordú i ndiaidh nós imeachta i scríbhinn in ar iarradh tuairim an Choiste um an Speictream Raidió. Is í an chéad chéim eile ná go gcuirfidh seirbhísí an Choimisiúin an Sainordú go foirmiúil faoi bhráid CEPT.

**4.45** Go hábhartha, fuair ComReg roinnt fiosruithe a bhaineann le líonraí príobháideacha a bheith ag úsáid speictrim sa bhanda 3800-4200 MHz. Dá bhrí sin, tá sé i gceist ag ComReg monatóireacht a dhéanamh agus ionchur a bheith aige sa bhforbairt ar aon dréachtchinntí de chuid an CE agus ECC maidir le comhoiriúnú a bhaineann le córais leathanbhanda trastíre gan sreang a bheith ag baint úsáide as an mbanda minicíochta 3800-4200 MHz ar mhaithe le nascacht líonra a sholáthar do cheantair áitiúla, rud a d'fhéadfadh freastal ar líonraí príobháideacha (e.g. le haghaidh fiontar) agus poiblí (e.g. le haghaidh pobail).

## An banda minicíochta 6425 - 7125 MHz

**4.46** Tá spéis léirithe ag an tionscal soghluaiste sa bhanda 6425-7125 MHz mar speictream meánbhanda breise do MFCN ós rud é go bhfuil na bealaí scaipthe céanna aige agus atá ag an mbanda ceannródaí 5G 3400–3800 MHz. Tá an t-ábhar seo á mheas faoi mhír 1.2 den CCÁO-23 ar an gclár oibre. Rud a bhaineann le hábhar anseo i gcás Réigiún ITU 1 is ea an bhanda minicíochta 6425-7025 MHz a mheas le haghaidh IMT (tá an banda leithdháilte cheana féin ar an tseirbhís shoghluaiste ar bhonn comhphríomhachta). Déanfaidh an ITU-R:

- Staidéar a dhéanamh ar na saincheisteanna teicniúla, oibríochtúla agus rialála a bhaineann leis an bhféidearthacht na comhpháirteanna talún de IMT a úsáid sa bhanda, ag cur san áireamh riachtanais atá ag teacht chun cinn, saintréithe teicniúla agus oibríochtúla na gcóras IMT trastíre, forbairt IMT, cásanna úsáidte, riachtanais na dtíortha i mbéal forbartha agus an t-achar ama ina dteastódh an speictream; agus Staidéir a dhéanamh ar chomhroinnt agus ar chomhoiriúnacht (lena n-áirítear le seirbhísí i mbandaí cóngaracha nuair is cuí) d'fhonn seirbhísí a bhfuil leithdháileadh príomhúil acu cheana féin a chosaint, gan srianta breise rialála nó teicniúla a fhorchur, agus freisin, de réir mar is cuí, ar sheirbhísí i mbandaí cóngaracha.

**4.47** Tráth foilsithe an doiciméid seo, bhí mír oibre glactha ag An Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (ECC) mar a bhaineann le WGSE[59] staidéar a dhéanamh ar na dálaí teicniúla faoina bhféadfadh Córais Rochtana Gan Sreang, lena n-áirítear Líonraí Ceantair Logánta gan Sreang oibriú agus a bheith taobh le seirbhísí atá cheana féin sa bhanda 6425-7125 MHz, agus aon staidéir bhreise, ag brath ar sheasamh CEPT agus ar thorthaí an Chomhdháil Dhomhanda um Radachumarsáid -23.
Níl sé tugtha le fios ag an gCoimisiún Eorpach go gcuirfeadh sé cinneadh an CE maidir le

56 https://circabc.europa.eu/ui/group/af096568-9b95-4bb2-84db-45b307b06a22/library/dc872d5b-b071-4f76-bb6f-42efe180142e/details

57 Leithdháiltear banda 3800 – 4200 MHz san Eoraip ar thrí sheirbhís ar bhonn comhphríomhachta (seasta, soghluaiste agus satailíte seasta (spás go talamh).

58 Dréacht-Sainordú do CEPT maidir le coinníollacha teicniúla i dtaca le húsáid chomhroinnte an bhanda minicíochta 3.8-4.2 GHz do chórais leathanbhanda trastíre gan sreang a sholáthraíonn nascacht líonra na gceantair áitiúla san Aontas.


59 Grúpa Oibre um Speictream Innealtóireachta

comhoiriúnú chun feidhme. Tá sé i gceist ag ComReg monatóireacht a dhéanamh agus ionchur a bheith aige sa phlé ar an ábhar seo laistigh den Eoraip agus ag WRC an ITU.

## 4.3 Éileamh úsáideoirí deiridh ar shonraí soghluaiste (i.e. seirbhísí 3G, 4G, 5G)

**4.48** Tháinig ardú os cionn 600% ar thrácht sonraí soghluaiste in Éirinn, in aghaidh na ráithe, ó 2016 i leith (ó 35 milliún GB in aghaidh na ráithe go 267 milliún GB in aghaidh na ráithe) mar a léirítear i bhFigiúr 9.

### Figiúr 9: Trácht Iomlán Sonraí Soghluaiste (GB)





**4.49** Tá an borradh sa tréimhse fáis seo ag tarlú ag an am céanna a bhfuil éileamh níos mó ó na h-úsáideoirí, athruithe ar an úsáid mar gheall ar bhearta an Rialtais chun dul i ngleic le COVID-19, agus leathadh amach céimneach á dhéanamh ar 5G in Éirinn.

**4.50** Ó foilsíodh an Tuarascáil Réamhaisnéise Sonraí Soghluaiste in 2018,[60] lean an trácht bliantúil a bhain le sonraí soghluaiste in Éirinn an cás bonnlíne go beacht, sula ndeachaigh sé os cionn na bonnlíne in 2020, rud a tharla tríd is tríd toisc gur theastaigh níos mó sonraí le linn COVID-19.

60 Féach Doiciméad 18/35

## Figiúr 10: Réamhaisnéis Tráchta Sonraí Soghluaiste in Éirinn




**4.51** Meastar go mbeidh an-éileamh i gcónaí ar shonraí soghluaiste in 2022 (ceapthar, áfach, go mbeidh an ráta fáis níos ísle tar éis arduithe tobann in 2020 agus in 2021 – féach Pointe 3.2.1 i nDoiciméad 21/90) agus ina dhiaidh sin, ag tabhairt dá haire, mar shampla, go meastar go n-ardóidh meántrácht mhíosúil na sonraí soghluaiste in Iarthar na hEorpa 28% gach bliain go dtí 2026.[61]

**4.52** Tá sé i gceist ag ComReg réamhaisnéisí sonraí nuashonraithe a sholáthar in am trátha agus le linn shaolré an Ráitis Straitéise seo.

## 4.4 Athruithe agus dul chun cinn sa Teicneolaíocht

**4.53** Is féidir le hathruithe agus dul chun cinn sa teicneolaíocht dul i bhfeidhm ar éileamh agus ar sholáthar speictrim raidió.[62]

Faoi na gnáthchúinsí, bíonn úsáid níos fearr bainte as an speictream raidió mar thoradh ar athruithe den chineál sin agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh fáil ar seirbhísí níos tapúla nó ar chaighdeán níos airde mar gheall air, rud d'fhéadfadh a bheith leordhóthanach chun dul i ngleic leis an éileamh ar sheirbhísí ó na húsáideoirí deiridh, éileamh atá ag síormhéadú. I gcásanna eile, d'fhéadfadh go scaoilfí speictream ó sheirbhís amháin go dtí seirbhís eile mar thoradh air.[63]

**4.54** Is iomaí cineál dul chun cinn teicneolaíochta atá ann lena n-áirítear úsáid as teicnící níos fearr modhnóireachta nó comhroinnte, agus an cumas atá ag seirbhís amháin úsáid a bhaint, ag an am céanna, as bandaí speictrim iolracha, ag baint úsáide as comhiomlánú iompróra.

---

61 Féach Tuarascáil Soghluaisteachta Ericson Meitheamh 2021.

62 Ní tharlaíonn athruithe teicneolaíochta chomh minic céanna agus a tharlaíonn dul chun cinn sa teicneolaíocht. Mar shampla, d'oibrigh an teicneolaíocht teilifíse trastíre analógach saor go haer ar feadh breis agus 50 bliain in Éirinn sular tháinig an teicneolaíocht teilifíse trastíre digití saor go haer in áit na teicneolaíochta seo.

63 Mar shampla, nuair a muchadh an craoladh analógach teilifíse in 2012 bhíothas in ann níos mó seirbhísí le haghaidh cláir teilifíse a sheachadadh chuig lucht féachana in Éirinn agus d'eisigh sé an banda 800 MHz do líonraí trastíre, rud atá in ann ECS agus, go háirithe, seirbhísí soghluaiste WBB a sholáthar.

### 4.4.1 Dul chun cinn soghluaiste / WBB i líonraí 4G agus 5G

**4.55** Tá dul chun cinn sa teicneolaíocht mar chomhpháirt de gach glúin nua den teicneolaíocht soghluaiste (m.sh. 3G, 4G, 5G, srl.) agus cuirtear i bhfeidhm iad freisin le linn shaolré gach glún den theicneolaíocht shoghluaiste. Mar shampla, úsáideann na líonraí reatha 4G dul chun cinn teicniúil dála MIMO[64] agus comhiomlánú iompróra[65] anois chun feabhas a chur ar sheirbhísí (e.g. luasanna níos tapúla) do na húsáideoirí deiridh,[66] agus tráth a scaoilfear speictream breise sa MBSA in 2021, beidh tuilleadh deiseanna ann chun na seirbhísí atá ann cheana agus seirbhísí nua a chur chun cinn.

**4.56** Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn breise déanta ar chur i bhfeidhm na líonraí 4G in Éirinn, agus amhail R3 2021, is í an teicneolaíocht 4G an teicneolaíocht is mó a bhfuil síntiúsóirí aici agus a mbaintear úsáid aisti:

- baineann 65% de na síntiúsóirí soghluaiste úsáid as síntiús 4G, i gcomparáid le 18% a úsáideann síntiús 3G agus 13% a bhaineann leas as síntiús 2G; agus
- is ar an teicneolaíocht 4G a rinneadh 87% den trácht sonraí soghluaiste, i gcomparáid leis an 11% á rinneadh ar an teicneolaíocht 3G[67].

**4.57** Chomh maith leis sin, baineadh úsáid as Guthghlao 4G (VoLTE) ar líonraí soghluaiste[68] Eir agus Vodafone, dhá líonra soghluaiste in Éirinn, agus úsáideadh an teicneolaíocht 4G freisin ar an Rochtain Sheasta gan Sreang ("FWA") chun tacú le luasanna idirlín níos tapúla agus leis an méadú atá tagtha ar úsáid sonraí.

**4.58** Ó thaobh 5G de, tá feidhmiú céimneach na ngréasán seo fós ina thús, agus is le déanaí a sheol na hoibreoirí soghluaiste seirbhísí 5G. Toisc go bhfuil méid suntasach speictrim bhreise á scaoileadh faoi MBSA 2021 agus níos mó gléasanna atá cumasaithe le haghaidh 5G ar fáil agus in úsáid, is dócha go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir le feidhmiú céimneach agus cumas líonraí an 5G thar thréimhse an ráitis straitéise seo.

**4.59** Tá sé de chumas ag an teicneolaíocht 5G feabhas a chur ar sheachadadh fheidhmchlár reatha WBB, dála leathanbhanda soghluaiste agus FWA, agus féidearthachtaí a chur ar fáil d'úsáidí agus do chásanna úsáidte nua, ar nós líonraí do cheantair áitiúla agus rialú ar dhróin aerloingseoireachta ar na líonraí soghluaiste[69].

---

64 Is teicneolaíocht gan sreang é MIMO (il-ionchuir agus il-aschuir) a úsáideann tarchuradóirí agus glacadóirí éagsúla chun tuilleadh sonraí a aistriú ag an am céanna.

65 Comhiomlánú iompróirí éagsúla laistigh de bhandaí minicíochta agus thar ilbhandaí minicíochta

66 Tá sé de chumas ag teicneolaíocht reatha LTE-Advanced buaicrátaí sonraí méadaithe íoslódála 3 Gbps agus uaslódáil 1Gbps a thairiscint de réir riachtanais ITU maidir le IMT Advanced - dá ngairtear 4G freisin.

67 https://www.comreg.ie/industry/electronic-communications/data-portal/tabular-information/


68 Cuireann guth thar LTE cáilíocht guth i bhfad níos airde ar fáil ná guth lasctha ciorcad leagáide.

69 D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí dróin a oibriú thar an líne radhairc. I dtaca leis sin, tá CEPT ag obair faoi láthair ar Chinneadh a dhréachtú chun coinníollacha teicniúla comhchuibhithe a sholáthar maidir le húsáid aer UE le haghaidh cumarsáid i roinnt bandaí comhchuibhithe MFCN

4.60 Mar a léirítear i bhFíor 11 thíos, samhlaíonn an ITU go dtacóidh an teicneolaíocht 5G le feidhmchláir ilghnéitheacha amach anseo agus tá trí mhórshuíomh úsáide aitheanta aige:

1. Leathanbhanda Soghluaiste Feabhsaithe ("eMBB")[70];
2. Cumarsáid Íseal-Teaghais Fíoriontaofa ("URLLC")[71]; and
3. Cumarsáid Ollmhór de Chineál Meaisín ("mMTC")[72].

## Figiúr 11: Cásanna Úsáide 5G




70 Freastalóidh sé sin ar an éileamh atá ag síormhéadú ar rochtain níos tapúla agus níos airde ar shonraí, go háirithe i gcás sonraí móibíleacha i limistéir ardtráchta — teophointí — amhail lár chathracha gnóthacha, staideanna agus ionaid ceolchoirmeacha agus feabhsóidh sé seachadadh leathanbhanda thar líonraí FWA do thomhaltóirí intíre.

71 acóidh sé sin le feidhmchláir a éilíonn malartú sonraí gan bhriseadh agus iontaofa amhail tiomáint uathrialaitheach agus tionscail nasctha agus uathoibriú (Tionscal 4.0), chomh maith le feidhmchláir cearrbhachais agus feidhmchláir réaltachta fhíorúla/fheabhsaithe a bheidh ag brath ar aga folaigh íseal (i.e. agaí freagartha an-tapa le haghaidh cumarsáid idir gléasanna nasctha) chun eispéireas úsáideora gan uaim a ghiniúint.

72 Tacóidh sé sin le líon an-mhór gléasanna nasctha a tharchuireann méid réasúnta íseal sonraí íogaire nach bhfuil moill orthu de ghnáth. Tá sé d'acmhainn ag mMTC an IoT atá ann faoi láthair a leathnú chun beagnach gach meaisín cumarsáide le meaisíní eile a chur san áireamh, mar shampla le haghaidh táirgeadh tionsclaíoch agus le haghaidh cathracha cliste agus greillí cliste.

**4.61** De réir mar a thiocfaidh líonraí 4G chun cinn, agus de réir mar a chuirfear líonraí 5G i bhfeidhm, cuideoidh sé seo le dul i ngleic leis an éileamh, níos mó ná riamh, a mheastar a thiocfaidh amach anseo ar thrácht sonraí ar na líonraí soghluaiste, mar a luadh i gcuid 4.3 thuas. Ina theannta sin, is dócha go ndéanfar athfheirmeoireacht ar speictream a úsáidtear faoi láthair le haghaidh teicneolaíochtaí níos sine (e.g. 2G agus 3G) d'fhonn iad a úsáid sna teicneolaíochtaí nua-aimseartha (e.g. 3G/4G/5G). In Éirinn, tá sé seo tarlaithe cheana féin i gcás na mbandaí speictrim 900 MHz, 1800 MHz agus 2100 MHz, áit a bhfuil an speictream seo á úsáid anois le haghaidh 3G/4G agus mar thacaíocht do sheirbhísí 5G, agus le himeacht ama d'fhéadfaí athfheirmiú a dhéanamh ar bhandaí speictrim breise agus d'fhéadfadh go ndéanfaí díchoimisiúnú ar na teicneolaíochtaí soghluaiste oidhreachta.

**4.62** Tá tús curtha leis an bpróiseas díchoimisiúnaithe seo cheana féin san Eoraip, áit a bhfuil, amhail Lúnasa 2021[73]:

- tá MNO amháin tar éis a líonra 2G a mhúchadh san Eilvéis;
- tá pleananna ag MNOanna i gcúig thír a líonraí 2G a mhúchadh[74];
- Tá MNOanna tar éis líonraí oidhreachta 3G a mhúchadh i gcúig thír[75]; agus
- Tá sé beartaithe ag MNOanna in 12 thír a líonraí 3G a mhúchadh.

**4.63** In Éirinn, más mian le MNO stopadh ag cur seirbhísí ar fáil ar theicneolaíocht, faoi na choinníollacha a bhaineann lena cheadúnas[76] tá sé de dhualgas air ComReg a chur ar an eolas ar a laghad 6 mhí sula stopann sé agus gach iarracht réasúnta a dhéanamh a chinntiú go mbeidh a laghad drochthionchar agus is féidir ar na húsáideoirí ag deireadh a bheith curtha le húsáid na teicneolaíochta.

## 4.5 Ceadúnais a rachaidh in éag go gearr

**4.64** Sa chás go rachaidh cearta úsáide speictrim atá ann cheana in éag go gearr (e.g. sna cúig bliana atá amach romhainn) féachann ComReg lena chuid moltaí maidir leis an úsáid a bhainfear as bandaí den chineál sin amach anseo a leagan amach i bhfad sula dtéann an ceart in éag, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, próiseas sannta a shainiú agus a chur i gcrích ina leith.

**4.65** Tá roinnt ceadúnas ann a rachaidh in éag sa tréimhse 2022 - 2027 (i.e. trí bliana tar éis thréimhse ama 2022 - 2024 an Ráitis Straitéise Bainistíochta Speictrim Raidió 2022 go 2024). Leagann ComReg amach thíos stádas reatha na mbandaí seo agus na chéad chéimeanna eile a shamhlaítear ina leith.

### 4.5.1 Banda 2.1 GHz

**4.66** Is éard atá sa raon minicíochta 1920-1980 MHz agus 2110-2170 MHz ("an banda Péireáilte 2.1 GHz") ná 120 MHz de speictream agus tá sé ceadúnaithe in Éirinn faoi láthair chun seirbhísí an Chórais Teileachumarsáide Soghluaiste Uilíoch ("UMTS" nó "3G") a sholáthar. Eisíodh na ceadúnais seo tar éis comórtais i 2002 agus 2007.

**4.67** Tá cearta speictrim sa Bhanda Péireáilte 2.1 GHz ceadúnaithe faoi láthair do Three, Vodafone agus Meteor[77]. Rachaidh na ceadúnais atá i seilbh Three agus Vodafone in éag in 2022 mar seo a leanas:

- Tá dhá cheadúnas ag Three sa Bhanda Péireáilte 2.1 GHz, dá ngairtear "Ceadúnas A" (a rachaidh in éag an 24 Iúil 2022) agus "Ceadúnas B" (a rachaidh in éag an 1 Deireadh Fómhair 2022); agus
- Tá ceadúnas amháin ag Vodafone a rachaidh in éag an 15 Deireadh Fómhair 2022.

73 Foinse: Cullen International.

74 An Íslítír, an Iorua, an Pholainn, an tSualainn agus an Eilvéis.

75 Gach MNO san Iorua, dhá MNO sa Ghearmáin (agus é beartaithe go mbeadh an tríú MNO díchoimisiúnaithe faoi dheireadh 2021) agus MNO amháin i gcás Phoblacht na Seice, na hIodáile agus na hÍsiltíre.

76 Féach Coinníoll 6(12) de Cheadúnas Úsáide Léirscaoilte, Coinníoll 6(12) de Licence Úsáide Léirscaoilte GHz Band agus Coinníoll 6(1)(k) de Cheadúnas Úsáidte Léirscaoilte MBSA2.

77 Roimhe seo bhí bloc 5 MHz de chearta speictrim TDD neamhphéireáilte ceadúnaithe freisin do na trí MNOanna sa raon minicíochta 1900-1920 MHz ("Banda 2.1 GHz neamphéireáilte"). Tá na cearta speictrim seo tugtha ar ais anois do ComReg. Thug Vodafone agus Meteor na cearta speictrim seo ar ais ar an 11 Márta 2011 agus an 28 Feabhra 2013, faoi seach, agus thug Three na cearta speictrim seo ar ais ar 2 Deireadh Fómhair 2021

4.68 Rachaidh an ceadúnas atá ag Meteor in éag an 11 Márta 2027.

4.69 I gCáipéis 20/122, chinn ComReg go gcuirfí an Banda Péireáilte 2.1 GHz san áireamh sa bhronnadh cearta speictrim a bhí beartaithe aige d'úsáid atá oiriúnach chun WBB a chur ar fáil.

### 4.5.2 Ceadúnas Uile-Oileáin sa bhanda 1785 - 1805 MHz

4.70 I 2007, tugadh comhbhronnadh speictrim ComReg/Ofcom chun críche, agus é mar thoradh air gur deonaíodh ceadúnas don bhanda minicíochta 1785-1805 MHz le haghaidh seirbhísí soghluaiste gan sreang ar bhonn uile-oileáin. Mar thoradh air freisin, eisíodh ceadúnas ar leith sa dá dhlínse d' aon aonán amháin, Personal Broadband, ar feadh tréimhse 15 bliana. In Éirinn, deonaíodh an ceadúnas ar an 25 Aibreán 2007 faoi na Rialacháin Raidió-Theileagrafaíochta (1785–1805 MHz Seirbhísí Rochtana Gan Sreang) (I.R. 172 de 2007). Rachaidh an ceadúnas seo in éag ar an 24 Aibreán 2022.

4.71 Agus an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an mbanda seo sa todhchaí á meas, tugann ComReg faoi deara:

- go luaitear i Rialachán 6(1) de I.R. 172 de 2007 go rachaidh gach ceadúnas in éag tar éis 15 bliana;
- nach bhfuil aon fhoráil in I.R. 172 de 2007 maidir le ceadúnais a deonaíodh faoin bhforáil céanna seo a athnuachan;
- nár cuireadh aon seirbhísí tráchtála i bhfeidhm i gceachtar dlínse trí úsáid a bhaint as na cearta speictrim atá faighte faoin gceadúnas;
- in 2014, gur ghlac an CE Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/641/an AE lena gceanglaítear ar na Ballstáit an banda 1785 - 1805 MHz a ainmniú agus a chur ar fáil le haghaidh PMSE[78] ar bhonn neamhthrasnaíochta isteach, neamhchosanta;
- go bhfuil an cinneadh seo curtha i bhfeidhm ag ComReg mar a bhaineann le húsáid PMSE in Éirinn;
- nach bhfuil an banda 1785-1805 MHz faoi réir aon chinneadh comhoiriúnaithe le haghaidh MFCN laistigh de CEPT nó den AE; agus
- nach bhfuil aon phleananna ann ag leibhéal AE ná an ITU an banda a leithdháileadh le haghaidh MFCN; agus
- Tá an sheasamh ginearálta atá ag ComReg maidir le ceadúnais a bheith ag dul in éag/ ceadúnais a bheith a n-athnuachan leagtha amach aige i bhfoilseachán éagsúla.

4.72 Ní aithníonn ComReg ag an bpointe seo aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an mbanda 1785-1805 MHz amach anseo, nuair a bheidh an ceadúnas reatha imithe in éag. Dá bhrí sin, níl sé i gceist ag ComReg tabhairt faoi aon obair ar an mbanda le linn na tréimhse 2022-2024.

### 4.5.3 GSM – R

4.73 An 27 Samhain 2015, d'eisigh ComReg ceadúnas 10 mbliana d'Iarnród Éireann le haghaidh an ceart úsáid a bhaint as an speictream 876.2-879.6 MHz/921.2-924.6 MHz. Ós rud é go bhfuil an ceadúnas sin le dul in éag an 26 Samhain 2025, tá sé i gceist ag ComReg breithniú a dhéanamh ar cheadúnas Raidió Soghluaiste Iarnróid a thabhairt sa todhchaí i bhfianaise an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le húsáid chomhoiriúnaithe a bhaint as na bandaí minicíochta péireáilte 874.4-880.0 MHz agus 919.4-925.0 MHz agus as an mbanda minicíochta neamhphéireáilte 1900-1910 MHz le haghaidh Raidió Soghluaiste Iarnróid. Féach roinn 4.2.1 thuas maidir leis an gcuspóir atá ag ComReg do GSM-R tréimhse 2022 go 2024.

78 Déanamh Clár agus Imeachtaí Speisialta

## 4.6 Earnáil an ECS agus an t-athrú aeráide

**4.74** Ina Ráiteas Straitéise um Chumarsáid Leictreonach do 2021 go 2023, tugann ComReg dá aire go bhfuil níos mó feasachta ann agus aird á thabhairt ar an mbaint atá ag earnáil an ECS leis an athrú aeráide. Cé go bhfuil an earnáil ag cabhrú leis an dícharbónú ar fud an gheilleagair, ó chianobair go dtí méadair chliste, toisc go bhfuil níos mó úsáide á bhaint as seirbhísí agus feistí ECN/ECS d'fhéadfadh sé cur leis an dramhaíl agus leis an astaíocht. Leag an Coimisiún Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh earnáil dhigiteach inbhuanaithe ann agus déanfar bearta a mheas a chuirfeadh feabhas ar fheidhmíocht an gheilleagair chiorclaigh mar a bhaineann leis an earnáil dhigiteach chomh maith len é a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh.[79][80]

**4.75** In 2019, d'eisigh ComReg Glao ar Ionchuir[81] tuiscint níos fearr a fháil ar an mbaint atá ag nascacht le dícharbónú, an cuideoidh an méid a fhoghlaimítear le cuid de na príomhthionscadail agus na príomhghealltanais atá sa straitéis seo a mhúnlú. Tá ComReg ag cur go gníomhach freisin le sainghrúpa líonraithe atá ag plé leis an Inbhuanaitheacht ag BEREC agus leanfaidh sé de bheith i mbun monatóireachta ar thionscnaimh atá ag dul i ngleic le lorg carbóin earnáil an ECS.

**4.76** I rith na bliana seo amach romhainn, déanfaidh ComReg coimisiúnú ar staidéar ar an tionchar atá ag an athrú aeráide ar na líonraí cumarsáide leictreonacha – seasta agus soghluaiste, in Éirinn. Féachfaidh an staidéar, atá san áireamh mar mhír liostaithe i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais, le measúnú a dhéanamh ar leochaileacht na líonraí cumarsáide leictreonacha mar a bhaineann leis an athrú aeráide , tuiscint a fháil ar an tionchar atá ag an athrú aeráide,[82] agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige amach anseo ar acmhainneacht na hearnála cumarsáide leictreonaí.[83]

**4.77** Tugann ComReg dá aire freisin gur achtaíodh an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasaithe, ach nár cuireadh tús leis go fóill.[84] Tá sé i gceist go mbunóidh an reachtaíocht seo creat a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí ina mbeidh spriocanna agus gealltanais shoiléire leagtha síos sa dlí, agus a chinnteoidh go mbeidh na struchtúir agus na próisis riachtanacha leabaithe ar bhonn reachtúil d'fhonn a chinntiú go mbainfidh Éire amach, sa ghearrthéarma agus sa bhfadtéarma, na spriocanna agus na hoibleagáidí aeráide a leagtar síos go náisiúnta, ag an AE agus go hidirnáisiúnta. Nuair a bhunófar an creat seo, beidh ar ComReg agus ar chomhlachtaí poiblí eile ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach leis na pleananna, na straitéisí agus na cuspóirí aeráide náisiúnta atá ceadaithe – chomh fada agus is féidir.

---

79 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. An Comhaontú Glas don Eoraip COM/2019/640 Leagan deiridh - EUR-Lex - 52019DC0640 - EN - EUR-Lex (europa.eu).

80 Tugann ComReg dá aire gur fhoilsigh RSPG tuairim le déanaí maidir leis an gcaoi a bhfeadfadh an beartas speictrim raidió cabhrú le dul i ngleic leis an athrú aeráide sa tréimhse atá amach romhainn - RSPG21-041final-RSPG_Opinion_on_climate_change.pdf (rspg-spectrum.eu)

81 Doiciméad 19/126 - Glao ar Ionchuir - Nascacht agus Dícharbónú – 20 Nollaig 2019

82 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 – foilsithe an 5 Samhain 2021. https://assets.gov.ie/203558/f06a924b-4773-4829-ba59-b0feec978e40.pdf

83 See Action 227 of "*Interim Climate Actions 2021*". Available at gov.ie - Climate Action Plan 2019 (www.gov.ie)

84 An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 (irishstatutebook.ie)

**4.78** Tugann ComReg dá aire rud a bhaineann le hábhar:

**a)** Sa bhliain 2019 thug sé bronnadh an speictrim sa bhanda 400 MHz[85] chun críche, rud a chuir ComReg ar thús cadhnaíochta san Eoraip mar a bhain le speictream raidió a scaoileadh le húsáid sna hEangacha Cliste. Tá bronnadh an speictrim sa bhanda 400 MHz mar phríomhháisitheoir ó thaobh astaíochtaí aeráide a laghdú, agus tá an sannadh ag teacht le beartas an Rialtais:

- Tionscadal Éireann 2040[86] – Cuireann Toradh Straitéiseach Náisiúnta 8 den Chreat Náisiúnta Pleanála athrú go dtí todhchaí ina mbeidh fuinneamh ísealcharbóin chun cinn, rud a éilíonn cinntí i dtaobh teicneolaíochtaí nua, dála eangacha cliste, a bheith á bhforbairt agus á n-úsáid;
- An Plean Náisiúnta Maolúcháin[87] – ina luann an RCAC go mbeifí in ann an eangach atá ann cheana a uasmhéadú agus cabhrú le héifeachtúlacht fuinnimh dá mbeadh an córas cumhachta á oibriú ag córais chliste ó thaobh tarchur agus dáileacháin araon;
- Treochlár an SEAI ar Eangacha Cliste[88] – ina luaitear go mbeidh, mar gheall ar na hEangacha Cliste, laghdú carntha 250 milliún tona tagtha ar astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh faoin mbliain 2050.

**b)** Tá sé i gceist ag an gcomhairliúchán ar réimeas na gCeadúnaithe Stáisiún Satailíte Talún (féach cuid 5.2.6), i measc rudaí eile, na cásanna ábhartha sna bandaí minicíochta a leithdháiltear ar na seirbhísí satailíte éagsúla a mbainfear úsáid astu faoi láthair agus sa todhchaí a aithint agus a mheas[89]. Mar shampla, ó thaobh na Seirbhísí Taiscéalaíochta-satailíte Talún ("EESS"), tá sé beartaithe go n-úsáidfidh Copernicus Imaging Microwave Radiometer (CIMR) an banda 6425 - 7250 MHz ar fud an domhain.[90] Tá sé seo ar cheann de na sé mhisean ardtosaíochta de chuid chlár Copernicus a chuirfeadh lena chumas feidhmiú mar uirlis chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip (athrú aeráide) a bhaint amach. Aithnítear an úsáid as an mbanda speictrim 6425 - 7250 MHz, atá thar a bheith tábhachtach do Bheartas Spáis an AE, faoi fhonóta ITU RR 5.458.[91]

85 https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/spectrum-awards/400mhz-band-spectrum/
86 gov.ie - Tionscadal Éireann 2040 (www.gov.ie)
87 gov.ie - An Plean Náisiúnta Maolaithe (www.gov.ie)
88 Smartgrid-Roadmap.pdf (seai.ie)
89 Féach See Doiciméad 21/135
90 Tá an tseirbhís taiscéalaíochta-satailíte talún (EESS) in ann réamhaisnéis bheacht aimsire a thabhairt toisc go mbailíonn braiteoirí EESS an lear mór faisnéise a theastaíonn. Ní féidir éifeachtaí fadtéarmacha ar an aeráid a thuar ach amháin trí úsáid a bhaimt as braiteoirí EESS gníomhacha nó éighníomhacha chun airde na dtonnta, teocht an uisce, salandacht an aigéin agus tiúchan an ózóin a thomhas, chomh maith le sonraí ábhartha eile a bhaineann le hiompar na timpeallachta.
91 Sa bhanda 6 425-7 075 MHz, déantar tomhais braiteora micreathonn éighníomhach os cionn na n-aigéan. In the band 7 075-7 250 MHz, passive microwave sensor measurements are carried out. Ba cheart do rialtais cuimhneamh ar riachtanais sheirbhísí taiscéalaíochta-satailíte an Domhain (éighníomhach) agus na seirbhísí spásthaighde (éighníomhach) ina gcuid pleanála amach anseo i dtaca leis na bandaí 6 425-7 075 MHz and 7 075-7 250 MHz.

# Plean oibre don Speictrim Raidió don tréimhse 2022-2024

5

## 5.1 Beartú tosaíochta cuí maidir leis na gníomhaíochtaí don bainistíochta speictrim sa phlean oibre

**5.1** Tá sé mar aidhm ag ComReg a ualach oibre a bhainistiú ar bhealach a fhéachann le dul i ngleic ar bhealach cuí agus pragmatach le riachtanais raon leathan de pháirtithe leasmhara. I measc na ngnéithe ábhartha atá le meas ina leith seo tá:

- An acmhainn atá laistigh de na bandaí speictrim raidió atá ann cheana chun freastal ar na riachtanais speictrim. Sa chás go bhfuil an acmhainn sin ann, d'fhéadfadh sé go bhféadfaí freastal ar an éileamh trí úsáid a bhaint as an sannadh speictrim atá ann nó sannacháin nua a bhronnadh agus úsáid á bhaint as próisis údaraithe atá ann cheana;
- Tráthúlacht dhul in éag na gceart úsáide atá ann cheana agus an gá a bheadh le próiseas cuí athshannta, i bhfianaise tosca dála éileamh na n-úsáideoirí deiridh, stádas an chomhoiriúnaithe, trealamh a bheith ar fáil agus fáil a bheith ar bhandaí speictrim gaolmhara;
- An stádas comhoiriúnaithe idirnáisiúnta atá ag an mbanda speictrim, lena n-áirítear aon phleananna maidir le comhoiriúnú amach anseo;
- An stádas comhoiriúnaithe atá ag bandaí speictrim nach bhfuil sannta faoi láthair agus an t-am cuí chun iad a scaoileadh.
- An acmhainneacht na srianta a chuirtear ar cheadúnaithe faoi láthair a léirscaoileadh, rud a d'fhéadfadh úsáid speictrim fheabhsú, nuálaíocht a éascú agus a d'fhéadfadh acmhainn a bheifí in ann a chur ar fáil le haghaidh úsáidí eile a shaoradh.
- An poitéinseal iliomad bandaí speictrim a chur isteach in aon phróiseas bronnta amháin nuair is cuí ar mhaithe le cuspóirí reachtúla ComReg a bhaint amach;
- Reachtaíocht (náisiúnta nó Eorpach), a éilíonn go gcuirfeadh ComReg gníomhartha atá sonraithe i gcrích laistigh de thréimhse ama atá socraithe, a ghlacadh; agus
- An poitéinseal atá ann le haghaidh córais mhargaidh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le bainistíocht speictrim.

## 5.2 Plean oibre speictrim ComReg 2022 go 2024

**5.2** Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar an bplean oibre speictrim atá i gceist ag ComReg faoi láthair a dhéanamh faoi láthair laistigh den tréimhse ama 2022 go 2024[92].

### 5.2.1 Feidhmeanna bainistíochta an chláir speictrim

**5.3** Tá dhá mhír ar phlean ComReg don fheidhm bainistíochta speictrim don tréimhse 2022 – 2024:

i. Leanúint de bheith ag eisiúint ceadúnais le haghaidh raidió-theileagrafaíocht de réir Acht 1926 agus na rialacháin a bhaineann le gach cineál ceadúnas acu;

ii. Leanúint de bheith i mbun monatóireachta ar na margaí mar a bhaineann le táirgí a bhíonn á n-allmhairiú isteach sa Stát;

iii. Leanúint de bheith ag déanamh suirbhéanna ar láithreáin tarchurtha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh choinníollacha an cheadúnais;

iv. Leanúint den mhonatóireacht ar chomhlíonadh na gceadúnas agus gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh i gcás inarb iomchuí;

v. Leanúint de bheith ag fiosrú tuairiscí faoi chur isteach díobhálach a bheith á dhéanamh ar an speictream raidió agus an tosaíocht chuí a thabhairt do na cásanna is mó a chuireann as do sholáthraithe atá ag cur seirbhísí ar fáil;

92 Tá an plean oibre seo fós faoi réir nithe atá ag teacht chun cinn agus na acmhainní cuí a bheith ar fáil chun é sin a chur i gcrích.

vi. Leanúint de bheith ag foilsiú tuarascálacha bliantúla ina dtugtar sonraí i dtaobh gníomhaíochtaí a bhaineann le monatóireacht ar na margaí, imscrúduithe ar chur isteach ar raidió agus gníomhaíocht forfheidhmiúcháin;

vii. Leanúint le clár a thomhaiseann NIR agus suirbhéanna a fhoilsiú ar Siteviewer[93] de réir mar is cuí;

viii. Leanúint de bheith ag cur Tástáil agus Triail Éireann chun cinn agus na buntáistí a bhaineann le hÉirinn a úsáid mar shuíomh chun táirgí agus seirbhísí gan sreang a thástáil nó a thriail sa saol réadúil;

ix. Comhairle agus cúnamh a thabhairt don RCAC agus é ag ullmhú do na míreanna sin ar chlár oibre Chomhdháil Dhomhanda um Radachumarsáid -23 a bhfuil baint acu le hÉirinn, lena n-áirítear páirt a ghlacadh sna grúpaí cuí de chuid CEPT agus sna grúpaí réigiúnacha ábhartha; agus

x. Cabhrú leis an RCAC an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (EECC) a thrasuí agus é a chur chun feidhme de réir mar is cuí.

### 5.2.2 MFCN

**5.4** Is iad seo a leanas na míreanna atá ar phlean oibre ComReg don MFCN don tréimhse 2022 – 2024:[94]

i. Bronnadh Speictrim Ilbhanda 2021 a chur i gcrích chun cearta úsáide speictrim fadtéarmacha a dháileadh sna bandaí 700 MHz Déphléascach, 2.1 GHz, 2.3 GHz agus 2.6 GHz[95];

ii. Leanúint leis an teagmháil le eir agus leis an IAA chun deacrachtaí comhoiriúnachta[96] atá eatarthu a réiteach:

a) Úsáid MFCN sa bhanda 2.3 GHz agus líonra RurTel eir a oibríonn sa bhanda 2.3 GHz; agus

b) Úsáid MFCN sa Bhanda 2.6 GHz agus radair phríomhúla aerloingseoireachta an IAA a oibríonn sa bhanda 2.7 - 2.9 GHz in aice láimhe;

iii. Éascú a dhéanamh, trí phleananna aistrithe a fhorbairt agus ceadúnais aistrithe a dheonú de réir mar is cuí, ar aon ghníomhaíochtaí aistrithe a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil ó thaobh na gCeadúnaí Banda 2.1 GHz atá ann faoi láthair[97], an Ceadúnaí Banda 2.3 GHz atá ann faoi láthair (Eir) agus a bheidh ag tairgeoirí buaiteacha, d’fhonn toradh Bhronnadh Speictrim Ilbhanda 2021 a chomhlíonadh;

iv. Breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme cuí Chinneadh Cur Chun Feidhme an CE a chuirfear amach anseo in ionad Chinneadh 2009/766/CE ón gCoimisiún – ionas go mbeifear in ann teicneolaíochtaí M2M a chur sna bandaí minicíochta 900 MHz agus 1800 MHz;

v. Leanúint de chinntí ábhartha an CE maidir le chomhoiriúnú a chur chun feidhme sna bandaí le haghaidh MFCN chun tacú le córais trastíre gan sreang den chéad ghlúin eile;

vi. Leanúint de bheith i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara ábhartha d’fhonn tuilleadh soiléireachta a fháil maidir le beartais náisiúnta a bhaineann leis an mBanda Guard 700 MHz agus an Banda 700 MHz Duplex Gap a bheith á úsáid in Éirinn, go háirithe le haghaidh BB-PPDR;

93 ComReg SiteViewer

94 Mar a luadh i gCáipéis 21/96, déanfaidh ComReg an measúnú ar aon chreat ceadúnaithe sealadach eile de chuid an ECS ar COVID-19 ag an am cuí, tar éis an 1 Aibreán 2022 agus an fhaisnéis ábhartha go léir le mheas.

95 Tá achomharc déanta maidir le gnéithe áirithe de chinneadh ComReg (Doiciméad 20/122) don MBSA 2021,chomh maith agus d’fhéadfadh athrú teacht ar am a bhí ceaptha don bhronnadh.

96 Féach chomh maith alt 5.2 de Dhoiciméad 20/122, “*Dámhachtain Speictrim Ilbhanda - Freagra ar Chomhairliúchán agus Ar Chinneadh - An Déphléacsach 700 MHz, 2.1 GHz, 2.3 GHz agus 2.6 Bandaí GHz*”, https://www.comreg.ie/publication/multi-band-spectrum-award-response-to-consultation-and-decision-the-700-mhz-duplex-2-1-ghz-2-3-ghz-and-2-6-ghz-bands.

97 i.e. coigeartuithe ar a ngréasáin.

vii. Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí sa bhanda 1.4 GHz do MFCN agus tar éis do MBSA 2021 a bheith curtha i gcrích agus faoi réir éilimh, dul i gcomhairle maidir le bronnadh chuid den bhanda seo nó an bhanda ar fad, ag tabhairt dá aire go bhféadfadh aon phróiseas comhairliúcháin measúnú a dhéanamh freisin ar bhandaí speictrim comhoiriúnaithe eile a bheadh ar fáil lena mbronnta;

viii. Leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí sa bhanda 26 GHz mar a bhaineann le 5G agus tar éis do MBSA 2021 a bheith curtha i gcrích agus faoi réir éilimh (e.g. aighneachtaí réasúnaithe ar fhreagraí ar chomhairliúcháin, úsáid aon cheadúnais tástála agus trialach a eisíodh ,etc.), dul i gcomhairle maidir le cuid amháin nó níos mó den bhanda 26 GHz a chur ar fáil, ag tabhairt dá aire go bhféadfadh aon phróiseas comhairliúcháin measúnú a dhéanamh freisin ar bhandaí speictrim comhoiriúnaithe eile a bheadh ar fáil lena mbronnta;

ix. Monatóireacht a dhéanamh ar obair i CEPT agus sa CE maidir le forbairt fhéideartha ar chúinsí teicniúla comhoiriúnaithe le go mbainfeadh líonraí ceantair áitiúla úsáid chomhroinnte as an mbanda 3800 - 4200 MHz le ionas go bhféadfaí freastal ar líonraí príobháideacha (e.g. líonraí fiontair) agus poiblí (e.g. líonraí pobail) agus gníomhú de réir mar is cuí chun tacú le haon chinntí comhoiriúnaithe a ghlacfaí;

x. Leanúint den mheasúnú, tríd an gclár tástála trialach, i dtaca le oibreoirí na líonraí soghluaiste a bheith ag comhlíonadh a n-oibleagáidí mar a bhaineann le cumhdach an cheadúnais agus scrúdú a dhéanamh ag an am céanna ar mhodheolaíochtaí eile chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais a tomhaiseann comhlíonadh na n-oibleagáidí, lena n-áirítear úsáid a bhaint as na sonraí mapála um chumhdach soghluaiste lasmuigh;

xi. Athbhreithniú straitéiseach a chur i gcrích maidir leis an modheolaíocht cumarsáide is fearr chun úsáideoirí a chur ar an eolas faoi thionchar fheidhmíocht na ngiuirléidí láimhe, na teicneolaíochtaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo á gcur san áireamh. Tá ComReg den tuairim go bhfuil a leithéid d'athbhreithniú oiriúnach ós rud é, de réir mar thagann forbairt ar na teicneolaíochtaí reatha agus na teicneolaíochtaí sa todhchaí, dála 5G, tiocfaidh forbairt ar an modheolaíocht faoina gcuirtear úsáideoirí ar an eolas agus a gcabhraítear leo tuiscint a fháil ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar an eispéireas nascachta;

xii. Monatóireacht a dhéanamh ar mheasúnú an CE agus CEPT agus rannchuidiú leo[98] i dtaca leis an éifeachtúlacht, más ann dó, a d'fhéadfaí a thabhairt isteach trí athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar údarú agus ar cheadúnú speictrim do sheirbhísí MFCN amach anseo;

xiii. Leanúint den idirchaidreamh leis na MNOanna sonraí ailtireachta líonra a bhailiú chun léarscáileanna clúdaigh lasmuigh a chruthú, iad seo a chur ar fáil ar rannóg na dtomhaltóirí de shuíomh gréasáin ComReg agus na léarscáileanna a nuashonrú d'fhonn clúdach soghluaiste 5G a chur san áireamh;

xiv. Measúnú a dhéanamh, ag an am cuí más gá, ar ábhair riaracháin a bhaineann le gealltanais dífheistithe speictrim an CE mar gheall ar Telefonica a bheith ceannaithe ag Hutchison;

xv. Leanúint ar aghaidh ag obair le páirtithe ábhartha chun na gníomhaíochtaí aistrithe atá fós le déanamh a chur chun cinn maidir le ceadúnaithe FWALA atá cheana féin sa Bhanda 3.6 GHz chun go mbeidh ar chumas na dtairgeoirí ar a mbronntar an Banda 3.6 GHz lánúsáid a bhaint as an mbanda chun seirbhísí a sholáthar, i gcomhréir le rialacha aistrithe an bhronnta[99];

98 Mar atá leagtha amach in alt 2.22 thuas

99 Go dtí seo, tá cuid suntasach den speictream i mBanda 3.6 GHz tugtha cheana féin do na Tairgeoirí Buaiteacha, rud a chuir ar chumas na dTairgeoirí Buaiteacha seirbhísí FWA agus new 5G ar luas níos airde a sheoladh sa bhanda. Féach freisin Cáipéis 20/117, "*3.6 GHz Band Transition Progress Report 2020*", https://www.comreg.ie/publication/3-6-ghz-band-transition-progress-report-2020.

xvi. Nuashonrú a dhéanamh ar Chreat Léasaithe agus Aistrithe Speictrim ComReg agus ar na treoirlínte, faoi réir Bronnadh Speictrim Ilbhanda 2021 a bheith críochnaithe agus trasuíomh an EECC;

xvii. Maidir leis an teicneolaíocht TV White Space ("TVWS")[100], agus faoi réir acmhainní;

xviii. Leanúint den mhonatóireacht ar fhorbairtí rialála agus teicneolaíochta mar a bhaineann le húsáid TVWS;

xix. Leanúint de bheith ag éascú agus ag déanamh monatóireachta ar thrialacha teicneolaíochta TVWS trí cheadúnais Tástála agus/nó Trialach a eisiúint, de réir mar is cuí; agus

xx. Smaoiniú ar an teicneolaíocht TV White Space a úsáid mar chuid d'aon phlé amach anseo ar an mbanda speictrim 470 - 698 MHz;

xxi. Monatóireacht a dhéanamh agus ionchur a bheith aige sna cainteanna ar an mbanda 6425 - 7125 MHz laistigh den Eoraip agus ag Comhdháil Dhomhanda um Radacumarsáid 23 an ITU;

xxii. An Banda 26 GHz a dhúnadh d'iarratais nua ar cheadúnais Rochtana Gan Sreang Seasta (FWALA) an 1 Eanáir 2022; agus

xxiii. Réamhaisnéisí nuashonraithe maidir le sonraí soghluaiste a sholáthar le linn shaolré an Ráitis Straitéise seo.

### 5.2.3 Seirbhísí Craolacháin

5.5 Is iad seo a leanas na míreanna atá i bplean oibre ComReg do na Seirbhísí Craolacháin don tréimhse 2022 – 2024:

i. Leanúint de bheith ag plé le chomhordú idirnáisiúnta na stáisiún tarchuradóra craolacháin;

ii. Ceadúnais Teilifíse Trastíre Digití ("DTT"), Craoltóireacht Fuaime Digití ("DSB") agus Craolachán Fuaime Analógach ("ASB") a eisiúint agus a leasú, de réir mar is cuí agus de réir mar a iarrtar i gcomhréir leis an gcreat ceadúnaithe craolacháin;

iii. Comhairle a chur ar fáil de réir mar is gá do DTCAGSM agus don DECC, i ndáil le speictream le haghaidh seirbhísí craolacháin; agus

iv. Staidéar a dhéanamh d'fhonn riachtanais na seirbhísí craolacháin in Éirinn i leith speictrim sa raon minicíochta 470-694 MHz a mheas, mar atá siad faoi láthair agus mar a bheidh siad sa todhchaí, ag tabhairt dá aire go bhfuil WRC-23 á mheas agus na húsáidí féideartha eile (amhail MFCN) don bhanda speictrim seo.

### 5.2.4 Cinntí CE um Chomhoiriúnú (neamh-MFCN)

5.6 Áirítear iad seo a leanas i measc na straitéisí atá beartaithe ag ComReg don tréimhse amach romhainn, mar a bhaineann le cinntí comhoiriúnaithe de chuid an CE atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo:

i. Dul i gcomhairle maidir leis an gcaoi a rialófar an banda 5.9 GHz le haghaidh ITS in Éirinn, féach cuid 4.2.1 thuas;

ii. Measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme cuí an Chinnidh Cur Chun Feidhme athbhreithnithe ón gCoimisiún atá le teacht agus a bhaineann le 5 GHz WAS/RLANanna; agus

iii. Measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme cuí an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le Córais Chumarsáide Soghluaiste Iarnróid don Todhchaí.

### 5.2.5 Seirbhísí Seasta Trastíre

5.7 Cuimsíonn an straitéis atá beartaithe ComReg do Sheirbhísí Seasta Trastíre don tréimhse atá le teacht:

i. An próiseas comhairliúcháin ar an Athbhreithniú ar Bhandaí Naisc Sheasta a thabhairt chun críche agus más cuí treoirlínte agus rialacháin nua a chur i bhfeidhm don scéim ceadúnaithe i leith nasc seasta;

ii. Leanúint ar aghaidh ag foilsiú tuarascála bliantúla ina dtugtar sonraí maidir leis an eolas is déanaí a bhaineann leis an gceadúnú i leith naisc sheasta;

100 Le nótáil go bhféadfaí TVWS a úsáid chomh maith do sheirbhísí nach MFCN iad.

iii. Leanúint de bheith ag spreagadh na gceadúnaithe leis an teicneolaíocht is déanaí a úsáid ar mhaithe leis an úsáid is éifeachtúla a bhaint as speictrim; agus

iv. Sonraí maidir le naisc sheasta a fhoilsiú ar Siteviewer.

### 5.2.6 Gléasanna Gearr-Raoin atá Díolmhaithe ó Cheadúnas (SRDs)

5.8 D'aithin ComReg na míreanna seo a leanas don phlean oibre le haghaidh SRDanna don tréimhse 2022 - 2024:

i. Leanúint d'úsáid SRDanna a éascú in Éirinn i gcomhréir leis na bearta idirnáisiúnta um chomhoiriúnú, agus athbhreithniú a dhéanamh, más gá, ar an doiciméad ComReg 02/71 de bhun nuashonruithe de chuid an CE agus an CE ar chomhoiriúnú;

ii. Monatóireacht a dhéanamh ar an staid ag a bhfuil an bhainistíocht speictrim in Éirinn i ndáil le IoT, cur leis agus é a chur chun cinn;

iii. Cinneadh an ECC (04)08, arna leasú 20 Iúil 2021, maidir le húsáid chomhoiriúnaithe as na bandaí minicíochta 5 GHz le haghaidh Córais Rochtana Gan Sreang, lena n-áirítear Líonraí Ceantair Áitiúla Raidió (WAS/RLAN) a chur chun feidhme; agus

iv. Smaoiniú ar athbhreithniú a dhéanamh ar gach iontráil "Réiteach Náisiúnta SRD Amháin" i ndoiciméad 02/71.

### 5.2.7 Seirbhísí Satailíte

5.9 D'aithin ComReg na míreanna seo a leanas don phlean oibre le haghaidh Seirbhísí Satailíte don tréimhse 2022 – 2024:

i. Dul i gcomhairle maidir le saincheisteanna éagsúla le linn tréimhse na straitéise 2022 – 2024, ina measc stáisiún satailíte talún ("SES") a údarú faoi bhun 3 GHz agus córas na gceadúnas i leith Stáisiúin Satailíte Talún.

ii. Leanúint de bheith ag déanamh éascaíochta ar ceadúnú do shatailítí SES atá ag feidhmiú i speictream os cionn 3 GHz; agus

iii. Leanúint de bheith ag déanamh éascaíochta ar dhíolúine ó cheadúnas aonair i gcás aicmí áirithe Críochfort le haghaidh Seirbhísí Satailíte, trí nuashonrú a dhéanamh ar Dhoiciméad 20/47, de réir mar is gá.

### 5.2.8 Seirbhísí Raidió Soghluaiste Príobháideacha

5.10 D'aithin ComReg na míreanna seo a leanas don phlean oibre le haghaidh Seirbhísí Raidió Soghluaiste Príobháideacha ("PMR") don tréimhse 2022 - 2024:

i. Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais ceadúnaithe atá ann faoi láthair le haghaidh PMR agus dul i gcomhairle maidir le, i measc nithe eile, córas ceadúnaithe aonair aontaithe, nua-aimseartha agus oiriúnach don fheidhm a chur chun feidhme;

ii. Monatóireacht a dhéanamh ar an measúnú ar bhainistíochta speictrim PMSE agus cur leis an bplé, agus tabhairt faoi na gníomhaíochtaí cuí chun cinntí ar comhchoiriúnú a chur chun feidhme; agus

iii. Monatóireacht a dhéanamh ar an measúnú ar na córais bainistíochta speictrim a bhaineann le leathanbhanda PPDR agus cur leis an bplé, ag tabhairt dá aire go bhfuil roghanna speictrim aitheanta cheana féin ag ComReg do BB-PPDR sna Bandaí Garda 400 MHz agus sa Duplex Gap 700 MHz[101].

101 Féach Doiciméad 20/98

### 5.2.9 Seirbhísí Amaitéaracha Raidió

**5.11** D'aithin ComReg na míreanna seo a leanas don phlean oibre agus iad liostaithe de réir tosaíochta, le haghaidh na seirbhísí Amaitéaracha Raidió don tréimhse 2022 - 2024:

**i.** An Plean Radaimhinicíochta d'Éirinn ("RFPI") a nuashonrú chun na seirbhísí Amaitéaracha agus na seirbhísí Amaitéaracha-satailíte a ailíniú leis na leithdháiltí Eorpacha;

**ii.** Na treoirlínte reatha a nuashonrú chun:

- na hearráidí a tugadh faoi deara i gcuid A3.20 den doiciméad comhairliúcháin a bhaint as;
- na comórtais a gceadaítear úsáid a bhaint as ardchumhacht ina leith a thabhairt cothrom le dáta;
- cuir na bandaí atá san áireamh sa nuashonrú don RFPI;
- an tábla in Iarscríbhinn 1 de na treoirlínte a athrú chun na colúin "aicmiú astaíochtaí" agus "modhanna" a bhaint amach agus tagairt a chur isteach a thugann le fios go gcaithfidh na ceadúnaithe cloí, ó thaobh bandaleithead, modhanna agus úsáid uasta, le pleananna banda an IARU agus aon phleananna de chuid na hÉireann, a bhaineann le banda náisiúnta, is infheidhme;
- Na cúig mhinicíocht shonracha idir 5 280 kHz agus 5 405 kHz ó roinn A1.4 de na treoirlínte (teastaíonn údarú breise chun úsáid a bhaint astu) a bhogadh go dtí roinn A1.3 de na treoirlínte (ar fáil lena n-úsáid go ginearálta); agus
- Cuid 6.3 de na treoirleabhair a dhéileálann le stáisiúin uathoibríocha a athrú chun rabhcháin scaipthe ar tugadh ceadúnas dóibh agus a ndearnadh coimisiúnú orthu le déanaí a chur san áireamh timpeall ar 40 MHz.

**iii.** Iarracht a dhéanamh, le linn shaolré an ráitis straitéise seo, creat a chur i bhfeidhm le haghaidh ceadúnú nua in Éirinn. D'fhonn é sin a dhéanamh, beidh ar ComReg:

- Dul i gcomhairle maidir lena chuid moltaí;
- Iarraidh ar an Aire RCAC a lámh a chur leis an rialacháin nua; agus
- Tairiscintí a iarraidh chun go n-eagródh páirtí seachtrach aon scrúdú a d'fhéadfadh a bheith riachtanach. Ag an tráth sin, déanfaidh ComReg a mhachnamh i dtaobh inmholtacht an scrúdú a chur ar fáil ar líne agus an bhféadfaí scrúdú den chineál sin a dhéanamh ag am ar bith agus i dtimpeallacht ar líne.

**iv.** Maidir le roinn 5.1 agus acmhainní a bheith ar feitheamh, measúnú breise a dhéanamh maidir le méadú ginearálta a dhéanamh ar an gcumhacht a cheadaítear do gach ceadúnaí agus/nó údaruithe aonair a thabhairt do cheadúnaithe a dteastódh uathu feidhmiú ag cumhachtaí níos airde. San áireamh sna cúinsí seo beidh ábhair a bhaineann le bheith comhlíontach le NIR, astaíocht gan aon bhunús agus cumhacht a thomhas.

### 5.2.10 Córais Aerárthaí gan Foireann ("UAS")

**5.12** D'aithin ComReg na míreanna seo a leanas don phlean oibre le haghaidh UAS le linn na tréimhse 2022-2024:

**i.** Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i ngrúpaí oibre agus i bhfoirne tionscadail an ECC agus chur chun feidhme cuí aon Chinntí comhoiriúnaithe de chuid an CEC a mheas;[102]

**ii.** Aon cheanglais chomhordúcháin trasteorann a mheas, i gcás UAS a bheadh ag feidhmiú ag an teorainn;

102 Tá Cinneadh an ECC maidir le UAS a bheith ag oibriú trí úsáid a bhaint as bonneagar teileachumarsáide soghluaiste atá ann cheana féin, dlite ó ECC PT1, i Márta 2022. Táthar ag súil le tuarascáil ECC ar réitigh speictrim do UAS (seachas MFCN) ó ECC FM59 faoi Mheitheamh 2022.

iii. A bheith rannpháirteach leis an IAA ó thaobh srianta ar úsáid speictrim ag "Limistéir Faoi Chosc Eitilte" nó cóngarach dóibh;

iv. A chinntiú go dtugtar cosaint do speictrim atá sannta sa chóngar, laistigh de líonraí soghluaiste atá ann cheana; agus

v. Caithfear teorainneacha astaíochtaí a shocrú a bhaineann go sonrach le UEnna ón aer chun nach gcuirfear isteach ar sheirbhísí eile atá i gcuid de na bandaí sa chóngar.

### 5.2.11 Seirbhísí Aerloingseoireachta agus Eolaíochta

#### Seirbhísí Aerloingseoireachta

5.13 I measc straitéis ComReg mar a bhaineann le Seirbhísí Aerloingseoireachta do na tréimhsí amach romhainn tá:

i. Leanúint de bheith ag léiriú go bhfuil spéis ag Éirinn sna fóraim idirnáisiúnta ábhartha agus de bheith á chur chun cinn, d'fhonn a chinntiú go mbeidh speictream leordhóthanach ar fáil do na seirbhísí aerloingseoireachta; agus

ii. Leanúint ar aghaidh ag obair leis an IAA chun úsáid as teicneolaíochtaí atá éifeachtúil ó thaobh speictrim de a chur chun cinn sna bandaí aerloingseoireachta, agus ar an gcaoi an méid speictream a bhfuil fáil air le haghaidh fáis agus le haghaidh feidhmchlár nua a uasmhéadú.

#### Seirbhísí Eolaíochta

5.14 Úsáidtear speictream raidió le haghaidh raon leathan d'fheidhmchláir a thagann faoin teideal "seirbhísí eolaíochta", lena n-áirítear réalteolaíocht raidió, seirbhísí taiscéalaíochta talún-satailíte ("EESS"), spásthaighde agus áiseanna meitéareolaíochta.

**Córas ceadúnas le haghaidh Áiseanna Meitéareolaíochta (MetAids)**

5.15 Smaoinigh ComReg roimhe seo ar dhíolúine ó cheadúnas a thabhairt do ghairis Speictream na nÁiseanna Meitéareolaíochta ("MetAids") ach tá sé ina imní nach dtabharfadh sé sin an chosaint atá riachtanach di don tseirbhís chun an tasc tábhachtach seo a chur i gcrích.

5.16 Faoi réir acmhainní a bheith ar fáil, b'fhéidir go smaoineodh ComReg ar chóras ceadúnais a chur i bhfeidhm le linn na tréimhse 2022-2024. Thabharfadh an córas ceadúnais an ceart raidió sondála, dropsondes agus roicéad sondála a oibriú faoi dlí in Éirinn agus thabharfadh sé cosaint in aghaidh aon chur isteach a dhéanfadh díobháil.

**Seirbhísí Radachumarsáide a bhfuil Tábhacht Straitéiseach ag baint leo a chosaint**

5.17 Tá ComReg ag smaoineamh ar roinnt seirbhísí radachumarsáide[103] nach bhfuil an chosaint chéanna acu faoi láthair agus atá ag seirbhísí ceadúnaithe ach a bhféadfadh go dteastódh aitheantas uathu agus cosaint ó chur isteach a dhéanfadh díobháil. Is samplaí iad na seirbhísí seo a leanas de rudaí a bhféadfaí breathnú orthu mar sheirbhísí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo d'Éirinn agus don Aontas Eorpach:

- Córas Domhanda Loingseoireachta Satailíte;
- Bandaí a úsáidtear chun monatóireacht a dhéanamh ar an athrú aeráide;
- Bandaí a úsáidtear le haghaidh taiscéalaíochta talún; agus
- Réalteolaíocht Raidió.

103 Sainmhínítear radachumarsáid mar "teileachumarsáid trí thonnta raidió" agus déantar teileachumarsáid a shainmhíniú mar "Aon tarchur, astú nó glacadh i gcás comharthaí, fógraí, scríbhinní, íomhánna agus fuaimeanna nó faisnéis de chineál ar bith trí shreang, raidió, córais optúla nó trí chórais leictreamaighnéadacha eile (féach Airteagal 1.6 agus Airteagal 1.3 de Rialacháin Raidió an ITU, eagrán of 2020).

**5.18** Is seirbhísí iad seo nach n-eisíonn ComReg ceadúnas ina leith, níl na tarchuradóirí laistigh de dhlínse na hÉireann ach tá fáil a bheith ar na tarchuir seo:

- ríthábhachtach do thomhaltóirí na hÉireann agus/nó;
- tábhacht go straitéiseach d'Éirinn, don Eoraip nó;
- thar a bheith tábhachtach don staidéar agus don saothar eolaíochta.

**5.19** Mar chuid den tréimhse 2022-2024, tá sé i gceist ag ComReg a mhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí cosaint a thabhairt do sheirbhísí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo d'Éirinn, agus monatóireacht a dhéanamh agus ionchur a bheith aige i gcainteanna a bhaineann le seirbhísí den chineálacha seo laistigh den Eoraip. Sampla de sheirbhísí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo is ea na Córais Dhomhanda Loingseoireachta Satailíte (GNSS). Tugann ComReg dá aire go bhfuil Cinneadh nua de chuid an ECC á ullmhú ag CEPT faoi láthair[104] agus é mar sprioc aige:

- na bandaí minicíochta 1164 – 1215 MHz, 1237 – 1300 MHz agus 1559 – 1620 MHz a ainmniú chun comharthaí GALILEO agus GLONASS GNSS a ghlacadh; agus
- a mhachnamh a dhéanamh maidir leis an tseirbhís amaitéarach / an tseirbhís amaitéarach-satailíte agus na glacadóirí satailíte rada-loingseoireachta a chur le hais a chéile sa bhanda 1240-1300 MHz.

**5.20** Is é Bealtaine 2023 an spriocdháta atá ag CEPT leis an mír oibre seo a bheith sheachadta.

## 5.2.12 Úsáid Speictrim ag Óglaigh na hÉireann

**5.21** Tá sé i gceist ag ComReg fanacht eolach i dtaobh forbairtí idirnáisiúnta, go háirithe CEPT tríd an bhFóram Bainistíochta ar an Minicíocht Shibhialta-Mhíleata, fóram a thugann bainisteoirí ar speictrim shibhialta agus ar speictrim mhíleata le chéile ar fud na hEorpa d'fhonn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leo ar fad.

**5.22** Tá sé i gceist ag ComReg leanúint den idirchaidreamh le hÓglaigh na hÉireann, de réir mar is gá, chun saincheisteanna a bhaineann leo araon a réiteach.

**5.23** Tá sé i gceist ag ComReg dul i mbun plé leis na húdaráis ábhartha chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi le tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtúlacht an speictrim.

104 http://eccwp.cept.org/WI_Detail.aspx?wiid=716

# Iarscríbhinn 1. Achoimre ar an gcreat dlí agus na chuspóirí reachtúla a bhaineann le bainistiú an speictrim raidió

A

**A1.1** Tá sé leagtha amach i measc nithe eile sna hAchtanna um Rialáil Cumarsáide 2002 arna leasú[105] (acht "Acht 2002"), sa Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (lena n-aisghairtear an Comhchreat Rialála, lena n-áirítear na Treoracha Réime agus Údaraithe),[106] sna Rialacháin chreata agus údaraithe chomhfhreagracha[107], agus sna hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926 go 2009[108], na cumhachtaí, feidhmeanna, dualgais agus cuspóirí de chuid ComReg a bhaineann le bainistiú an speictrim radaimhinicíochta in Éirinn agus a bhaineann leis an Ráiteas Straitéise Bainistíochta Speictrim Raidió seo.

**A1.2** Taobh amuigh de ceadúnais a thabhairt agus rialacháin a leagan síos i ndáil le ceadúnais, áirítear le feidhmeanna ComReg speictream radaimhinicíochta na hÉireann a bhainistiú de réir Threoracha Beartais an Aire faoi Alt 13 d'Acht 2002, ag féachaint dá chuspóirí faoi Alt 12 d'Acht 2002, Rialachán 16 de na Rialacháin Réime agus forálacha ábhartha an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach. Tá faoi ComReg a chuid feidhmeanna a chur i gcrích go héifeachtach, agus ar bhealach a chinntíonn go mbíonn leithdháileadh agus sannadh minicíochtaí raidió bunaithe ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha.

**A1.3** Tá sé i gceist san iarscríbhinn seo treoir ghinearálta a thabhairt maidir leis an ról atá ComReg sa réimse seo, agus ní thugann sé léargas cinnte, dlí nó uileghabhálach ar an ról sin.

Anuas air sin, tá an iarscríbhinn á theorannú féin don mheasúnú ar na feidhmeanna, na cuspóirí agus na dualgais sin de chuid ComReg is mó a bhaineann leis na cúrsaí atá idir lámha agus go ginearálta ní áirítear an chuid sin nach meastar a bheith ábhartha (mar shampla, i ndáil le seirbhísí poist, seirbhísí ardráta nó anailís ar mhargaidh). Chun amhras a sheachaint, áfach, ní gá go gciallódh ábhar ar leith a bheith curtha san iarscríbhinn seo go measann ComReg go mbaineann an rud sin go sonrach leis na hábhair atá idir lámha. Is leis an achtachán arna leasú ar an dáta seo a bhaineann gach tagairt d'achtacháin san iarscríbhinn seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

## Cód Nua um Chumarsáid Leictreonach Eorpach

**A1.4** Tháinig Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ("C CEEC") i bhfeidhm an 20 Nollaig 2018.

**A1.5** Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, de thoradh Airteagal 125 ("Aisghairm") den EECC, gur tháinig, le héifeacht ón 21 Nollaig 2020, an CEEC in ionad Chomhchreat Rialála an AE a glacadh in 2002 (agus a leasaíodh in 2009) faoinar rialaigh ComReg an chumarsáid leictreonach ó 2003 i leith[109].

**A1.6** Cé is moite de roinnt beag eisceachtaí (féach Airteagal 124 de EECC), bhí go dtí an 21 Nollaig 2020 ag na Ballstáit leis an EECC a thrasuí sa dlí náisiúnta[1]. Tá an RCAC freagrach as trasuí an EECC[2] agus chuidigh ComReg leis an RCAC ina leith sin de réir mar a d'oir.

---

**105** The An tAcht um Rialáil Cumarsáide 2002 (arna leasú), an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007, An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010 agus an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011.

**106** Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 (arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 an 27 Meitheamh 2007, Rialachán (CE) Uimh.544/2009 an 18 Meitheamh 2009 agus Treoir 2009/140/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009) (an "Treoir Réime")

**107** Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Creat) 2011 (S.I. No. 333 of 2011) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Údarú) 2011 (S.I. Uimhir 335, 2011) faoi sheach.

**108** Na hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926 go 1988 agus Ailt 181 (1) go (7) agus (9) agus Alt 182 den Acht Craolacháin 2009.

**109** Maidir leis an tábla comhfhreagrach idir airteagail ábhartha na dTreoracha aisghairthe agus an EECC, féach le do thoil Iarscríbhinn XIII den EECC a bhfuil fáil air anseo - EUR-Lex - 02018L1972-20181217 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

**[1]** Cé is moite d'Airteagail 53(2), (3) agus (4), agus Airteagal 54 (Féach Airteagal 124).

**[2]** Féach, mar shampla, https://assets.gov.ie/162712/1d774c6b-55d4-4b04-9253-8be6f24fb3ba.pdf

**A1.7** Tuigtear do ComReg nach dócha go ndéanfar an EECC a thrasuí sa dlí náisiúnta go dtí tús na bliana 2022. *Mar sin féin, ar mhaithe le hamhras a sheachaint, caithfidh an dream a sholáthraíonn an chumarsáidí leictreonach leanúint de bheith ag comhlíonadh a n-oibleagáidí, agus leanfaidh ComReg ar aghaidh ag rialáil na hearnála cumarsáide leictreonaí faoi na cumhachtaí atá aige faoi láthair, agus ní thiocfaidh aon athrú ar na córais sásaimh do chustaiméirí go dtí go dtugtar reachtaíocht nua isteach.*

**A1.8** Dá ainneoin sin, agus d'fhonn amhras a sheachaint, tá ComReg sásta nach mbeidh, chomh fada agus is eol dó, na tograí atá sa doiciméad seo ag teacht salach ar chuspóirí an EECC ná ar na hoibleagáidí is dócha a fhorchuirfear ar ComReg faoin reachtaíocht náisiúnta lena gcuirfear an reachtaíocht sin chun feidhme.

**A1.9** Is leis an achtachán arna leasú ar an dáta seo a bhaineann gach tagairt d'achtacháin san iarscríbhinn seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

## Príomhchuspóirí agus Prionsabail Rialála faoi Acht 2002 agus Comhchreat Rialála

**A1.10** Is iad príomhchuspóirí ComReg agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla i gcomhthéacs na cumarsáide leictreonaí ná:

- iomaíocht a chur chun cinn[110];
- cuidiú le forbairt an mhargaidh inmheánaigh[111];
- leas na n-úsáideoirí a chur chun cinn laistigh den Chomhphobal[112];
- a chinntiú go ndéantar bainistíocht éifeachtúil ar an speictream radaimhinicíochta in Éirinn agus go mbaintear úsáid éifeachtúil, as de réir ordacháin faoi Alt 13 d'Acht 2002[113]; agus
- mura bhforáiltear a mhalairt i Rialachán 17 de na Rialacháin Réime, gach aird a thabhairt ar a inmhianaithe atá sé neodracht theicneolaíoch a chinntiú agus ceanglais na Rialachán Sonrach[114] á gcomhlíonadh, go háirithe iad siúd atá ceaptha chun iomaíocht éifeachtach a chinntiú[115].

## Iomaíocht a Chur Chun Cinn

**A1.11** Ceanglaíonn Alt 12(2)(a) d'Acht 2002 ar ComReg gach beart réasúnta a dhéanamh atá dírithe ar iomaíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear:

- a chinntiú go mbeidh úsáideoirí, lena n-áirítear úsáideoirí faoi mhíchumas, in ann an oiread tairbhe agus is féidir a fháil ó thaobh rogha, praghais agus caighdeáin de;
- a áirithiú nach ndéanfar aon saobhadh ná srian ar iomaíocht in earnáil na cumarsáide leictreonaí; agus
- a chinntiú go spreagtar úsáid éifeachtúil as na minicíochtaí raidió agus as na hacmhainní uimhrithe agus go ndéantar bainistiú éifeachtach orthu.

**A1.12** Chomh fada agus a bhaineann le hiomaíocht a chur chun cinn, ceanglaítear le Rialachán 16(1)(b) de na Rialacháin Réime ar ComReg freisin:

- a chinntiú go mbíonn an oiread tairbhe agus is féidir ó thaobh rogha, praghais agus caighdeáin á fháil as ag úsáideoirí scothaosta agus ag úsáideoirí a bhfuil riachtanais shóisialta speisialta acu, agus

**110** Alt 12 (1)(a)(i) d'Acht 2002.
**111** Alt 12 (1)(a)(ii) d'Acht 2002.
**112** Alt 12(1)(a)(iii) d'Acht 2002.
**113** Alt 12(1)(b) d'Acht 2002.
**114** Cuimsíonn na 'Rialacháin Shonracha' le chéile na Creat-Rialacháin, na Rialacháin um Údarú, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Rochtain), 2011 (S.I. Uimh. 334 de 2011), Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí), 2011 (S.I. 337 de 2011) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) 2011 (S.I. Uimh. 336 de 2011).
**115** Rialachán 16(1)(a) de na Creat-Rialachán.

- A chinntiú, agus ábhar á tharchur, nach ndéanfar an iomaíocht in earnáil na cumarsáide leictreonaí a shaobhadh nó a theorannú.

**A1.13** Foráiltear le Rialachán 9(11) de na Rialacháin um Údarú freisin go gcaithfidh ComReg a chinntiú go mbainfear úsáid éifeachtúil agus éifeachtach iad as minicíochtaí raidió, ag féachaint d'Alt 12(2)(a) d'Acht 2002 agus do Rialacháin 16(1) agus 17(1) de na Rialacháin Réime. Foráiltear le Rialachán 9(11) freisin go gcaithfidh ComReg a chinntiú nach ndéanfar an iomaíocht a shaobhadh trí aon aistriú nó carnadh a bhaineann le cearta úsáide minicíochtaí raidió, agus, chun na críche sin, féadfaidh ComReg bearta cuí a dhéanamh amhail ceart úsáide i leith minicíochtaí raidió a dhíol nó a thabhairt ar léas.

## Ag cuidiú le Forbairt an Mhargaidh Inmheánaigh

**A1.14** Ceanglaíonn Alt 12(2)(b) d'Acht 2002 ar ComReg gach beart réasúnta, a bheadh dírithe ar chuidiú leis an bhforbairt ar an margadh inmheánach, a dhéanamh a, lena n-áirítear:

- deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann maidir le líonraí cumarsáide leictreonacha, seirbhísí cumarsáide leictreonacha agus áiseanna gaolmhara a sholáthar ar leibhéal an Chomhphobail;
- bunú agus forbairt gréasáin thras-Eorpacha a spreagadh, chomh maith le inoibritheacht idir na seirbhísí trasnáisiúnta agus nascacht ó cheann ceann; agus
- comhoibriú, ar bhealach trédhearcach, leis na húdaráis náisiúnta a dhéanann an chumarsáide leictreonach a rialáil i mBallstáit eile de chuid an Chomhphobail agus le Coimisiún an Chomhphobail, d'fhonn a chinntiú go ndéanfar cleachtas rialála comhsheasmhach a fhorbairt agus a chinntiú go gcuirfear Dlí an Chomhphobail sa réimse seo i bhfeidhm go seasta.

**A1.15** Chomh fada agus a bhaineann le cuidiú le forbairt a dhéanamh ar an margadh inmheánach, ceanglaítear le Rialachán 16(1)(c) de na Creat-Rialacháin freisin ar ComReg comhoibriú le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) ar bhealach trédhearcach, d'fhonn a chinntiú go ndéanfar cleachtas rialála comhsheasmhach a fhorbairt agus a chinntiú go gcuirfear Dlí an Chomhphobail i réimse na cumarsáide leictreonaí i bhfeidhm go seasta.

## Leas na n-Úsáideoirí a Chur Chun Cinn

**A1.16** Ceanglaíonn Alt 12(2)(c) d'Acht 2002 ar ComReg, go ndéanfadh sé, agus é ag feidhmiú na bhfeidhmeanna atá aige i ndáil le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonacha a sholáthar, gach beart réasúnach a bheadh dírithe ar leas na n-úsáideoirí a chur chun cinn laistigh den Chomhphobal, lena n-áirítear:

- a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach úsáideoir ar sheirbhís uilíoch;
- a chinntiú go mbeidh ardleibhéal cosanta ag tomhaltóirí agus iad ag déileáil le soláthróirí, go háirithe trína chinntiú go mbeidh nósanna imeachta atá simplí agus saor i bhfeidhm chun díospóidí a réiteach, faoi stiúir chomhlachta atá neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann;
- cuidiú chun a chinntiú go mbeidh ardleibhéal cosanta i bhfeidhm mar a bhaineann le sonraí pearsanta agus príobháideachas;
- tacú le go mbeidh faisnéis shoiléir ar fáil, go háirithe go n-éileofaí trédhearcacht i leith taraifí agus coinníollacha mar a bhaineann le húsáid as na seirbhísí cumarsáide leictreonacha atá ar fáil go poiblí;
- rochtain ar an idirlíon, ar chostas réasúnta d'úsáideoirí, a spreagadh;
- aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghrúpaí sóisialta ar leith, go háirithe úsáideoirí faoi mhíchumas; agus
- a chinntiú go gcoinnítear sláine agus slándáil na líonraí cumarsáide poiblí.

**A1.17** Chomh fada agus a bhaineann le leas na n-úsáideoirí laistigh den AE a chur chun cinn, ceanglaítear le Rialachán 16(1)(d) de na Rialacháin Réime freisin ar ComReg:

- aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghrúpaí sóisialta sonracha, go háirithe úsáideoirí scothaosta agus úsáideoirí a bhfuil riachtanais shóisialta speisialta acu, agus
- cumas na n-úsáideoirí deiridh rochtain a fháil ar fhaisnéis agus í a dháileadh nó feidhmchláir agus seirbhísí dá rogha féin a úsáid, a chur chun cinn.

## Prionsabail Rialála

**A1.18** Agus a chuspóirí á saothrú aige faoi Rialachán 16(1) de na Rialacháin Réime agus Alt 12 d'Acht 2002, ní mór do ComReg prionsabail rialála oibiachtúla, thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha a chur i bhfeidhm trí, i measc nithe eile:

- intuarthacht rialála a chur chun cinn trína chinntiú go mbíonn an cur chuige rialála comhsheasmhach, i gcaitheamh na dtréimhsí athbhreithnithe cuí;
- a chinntiú nach ndéanfar aon idirdhealú sa chaoi a gcaitear le gnóthais a bhíonn ag soláthar líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonacha i gcúinsí atá cosúil le chéile;
- iomaíocht a chosaint ar mhaithe leis na tomhaltóirí agus iomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar a chur chun cinn, nuair a oireann;
- infheistíocht agus nuálaíocht éifeachtúil i mbonneagair nua agus i mbonneagair atá feabhsaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trína chinntiú go gcuirfear aon riosca a thabhaigh na gnóthais san áireamh go cuí in aon oibleagáidí rochtana agus trí shocruithe comhoibritheacha éagsúla a cheadú idir infheisteoirí agus páirtithe a bheadh ag iarraidh rochtain, d'fhonn éagsúlú a dhéanamh ar an mbaol infheistíochta, agus a chinntiú ag an am céanna go gcoinneofar an iomaíocht sa mhargadh agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe;
- agus aird chuí á tabhairt ar an difríocht sna tosca a bhaineann leis an iomaíocht agus leis na tomhaltóirí atá sna limistéir gheografacha éagsúla laistigh den Stát; agus
- gan oibleagáidí rialála ex-ante a leagan síos ach amháin sa chás nach bhfuil aon iomaíocht atá éifeachtach agus inbhuanaithe ann agus na hoibleagáidí sin a mhaolú nó a ardú a luaithe a chomhlíontar an oibleagáid sin.

## BEREC

**A1.19** Faoi Rialachán 16(1)(3) de na Creat-Rialacháin, ní mór do ComReg:

- Agus aird á thabhairt aige ar a chuspóirí faoi Alt 12 d'Acht 2002 agus a fheidhmeanna faoi na Rialacháin Shonracha, tacú go gníomhach le spriocanna BEREC a bhaineann le comhordú agus comhleanúnachas rialála níos fearr a chur chun cinn; agus
- Lánaird a thabhairt ar na tuairimí agus ar an seasamh atá á ghlacadh ag BEREC agus cinntí á nglacadh a bhaineann leis an margadh náisiúnta.

### Oibleagáidí Eile faoi Acht 2002

**A1.20** Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, ceanglaítear ar ComReg, i measc nithe eile:

- féachaint lena chinntiú go mbíonn aon bhearta a dhéanann sé i gcomhréir ag féachaint do na cuspóirí atá leagtha amach in Alt 12 d'Acht 2002;[116]
- aird a thabhairt ar fhorbairtí idirnáisiúnta ó thaobh na líonraí cumarsáide leictreonacha agus na seirbhísí cumarsáide leictreonacha, na saoráidí atá bainteach leo, seirbhísí poist, an speictream radaimhinicíochta agus uimhriú ;[117] agus

**116** Alt 12(3) d'Acht 2002.
**117** Alt 12(5) d'Acht 2002.

- lánaird a thabhairt ar a inmhianaithe atá sé nach mbeadh aon idirdhealú i bhfabhar nó i gcoinne cineálacha áirithe teicneolaíochta chun ECS a sholáthar mar thoradh ar chur chun feidhme na bhfeidhmeanna dá chuid atá dírithe ar a chuspóirí bainistíochta radaimhinicíochta a bhaint amach. [118]

## Treo na mBeartais[119]

**A1.21** Forálann Alt 12(4) d'Acht 2002, go gcaithfidh ComReg, agus a fheidhmeanna á gcur i gcrích aige, aird chuí a thabhairt ar ráitis bheartais, arna bhfoilsiú ag an Rialtas nó thar ceann an Rialtais nó ag Aire de chuid an Rialtais agus curtha in iúl don Choimisiún, i ndáil le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Stáit. Ceanglaíonn Alt 13(1) d'Acht 2002 ar ComReg cloí le haon treoir i leith beartais a thugann an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ("an tAire") do ComReg de réir mar a mheasann sé nó sí a bheith cuí, ar mhaithe le rialáil chuí agus éifeachtach a dhéanamh ar an margadh cumarsáide leictreonach, bainistiú a dhéanamh ar an speictrim radaimhinicíochta sa Stát agus na beartais is infheidhme maidir le rialáil agus bainistiú cuí agus éifeachtach den chineál sin a cheapadh, atá le leanúint ag ComReg d'fhonn a fheidhmeanna a chur i gcrích. Ceanglaíonn Alt 10(1)(b) d'Acht 2002 ar ComReg freisin, agus an speictream radaimhinicíochta á bhainistiú aige, é sin a dhéanamh de réir treorach ón Aire faoi Alt 13 d'Acht 2002, agus ag an am céanna ceanglaíonn Alt 12(1)(b) ar ComReg bainistíocht agus úsáid éifeachtúil an speictrim radaimhinicíochta a chinntiú de réir treorach faoi Alt 13.

**A1.22** Áirítear iad seo a leanas leis na Treoracha Beartais is ábhartha i dtaca leis seo:

### Treoir Bheartais Uimh.3 maidir le Líonraí Cumarsáide Leictreonaí Leathanbhanda

**A1.23** Cuirfidh ComReg san áireamh, agus é ag cur a fheidhmeanna i gcrích, an cuspóir náisiúnta maidir le leathadh amach leathanbhanda, viz, gur mian leis an Rialtas a chinntiú go mbeidh bonneagar agus seirbhísí leathanbhanda rochtana oscailte, inacmhainne, i gcónaí ar fáil do ghnólachtaí agus do shaoránaigh ar bhonn réigiúnach cothrom laistigh de thrí bliana, ar bhonn úsáid a bhaint as raon na dteicneolaíochtaí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn agus as leathanbhanda a oireann do chatagóirí sonracha seirbhíse agus custaiméirí.

**A1.24** Tuigeann ComReg go bhfuil an cuspóir trí bliana a ndéantar cur síos air sa treoir beartais seo imithe in éag anois, rud a fhágann nach bhfuil an treoir seo chomh hábhartha céanna faoi láthair.

### Treoir Bheartais Uimh.4 maidir le hInbhuanaitheacht Tionscail

**A1.25** Cinnteoidh ComReg, agus cinntí rialála á ndéanamh aige i ndáil leis an margadh cumarsáide leictreonach, go gcuirfidh sé tosca an tionscail san áireamh agus go háirithe seasamh an tionscail sa timthriall gnó agus an tionchar a bheadh ag na cinntí sin ar inbhuanaitheacht ghnó na ngnóthas a ndéanfadh na cinntí difear dóibh.

### Treoir Bheartais Uimh.5 maidir le Rialacháin nár gcuirfear i gcrích ach amháin nuair is gá

**A1.26** I gcás ina bhfuil lánrogha ag ComReg maidir le hoibleagáidí rialála a fhorchur, scrúdóidh sé, sula gcinnfidh sé oibleagáidí rialála den sórt sin a fhorchur ar ghnóthais, an mbainfí cuspóirí na n-oibleagáidí rialála sin amach níos fearr mura ndéanfaí na hoibleagáidí a fhorchur ach braith ina ionad sin ar fhórsaí an mhargaidh.

118 Alt 12(6) d'Acht 2002.

119 Tugann ComReg dá aire freisin, agus tugann sé aird chuí ar an Ráiteas Beartais Speictrim a d'eisigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i Meán Fómhair 2010.

### Treoir Bheartais Uimh.6 maidir le Measúnú Tionchair Rialála

**A1.27** Sula gcinnfidh ComReg oibleagáidí rialála a fhorchur ar ghnóthais sa mhargadh le haghaidh cumarsáid leictreonach nó ar mhaithe leis an speictream radaimhinicíochta a bhainistiú agus a úsáid nó chun na hearnálacha poist a rialáil, déanfaidh sé Measúnú Tionchair Rialála i gcomhréir leis an dea-chleachtas Eorpach agus Idirnáisiúnta agus ar shlí eile de réir bearta a d'fhéadfaí a ghlacadh faoi chlár an Rialtais um Rialáil Níos Fearr.

### Treoir Bheartais Uimh.7 maidir le Comhsheasmhacht le Ballstáit eile

**A1.28** Cinnteoidh ComReg, sa chás go bhfuil na himthosca margaidh mar an gcéanna, gur chóir go mbeadh na hoibleagáidí rialála a fhorchuirtear ar ghnóthais sa mhargadh cumarsáide leictreonach in Éirinn mar an gcéanna leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar ghnóthais i riochtaí coibhéiseacha i mBallstáit eile de chuid An Chomhphobail Eorpaigh.

### Treoir Bheartais Uimh.11 maidir le Bainistiú an Speictrim Radaimhinicíochta

**A1.29** Cinnteoidh ComReg, agus an speictream radaimhinicíochta á bhainistiú aige, go gcuirfear san áireamh leas na n-úsáideoirí ar fad a bhaineann úsáid as an speictrim radaimhinicíochta.

### Treoir Bheartais Ghinearálta Uimh.1 maidir le hIomaíocht (2004)

**A1.30** Díreoidh ComReg ar chur chun cinn na hiomaíochta mar phríomhchuspóir. Nuair is gá, cuirfidh ComReg leigheasanna chun feidhme a ghníomhóidh in éadan nó a chuirfidh stop le baic ar dhul isteach sa mhargadh agus tacóidh sé le dreamanna nua dul isteach sa mhargadh agus leis an dream atá ann cheana féin dul isteach in earnálacha nua. Díreoidh ComReg go háirithe ar na nithe seo a leanas:

- sciar margaidh na n-iontrálaithe nua;
- a chinntiú gur leor an corrlach a leagtar ar tháirge ag an leibhéal mórdhíola chun iomaíocht a chur chun cinn agus a chothú;
- leibhéal na bpraghsanna don úsáideoir deiridh;
- iomaíocht sna margaí seasta agus soghluaiste;
- an acmhainneacht atá ag na h-ardáin mhalartacha a dhéanann sheachadadh ar theicneolaíochta tacaíocht a thabhairt don iomaíocht.

## Oibleagáidí Ábhartha Eile faoi na Rialacháin Chreata agus Údaraithe

### Creat-Rialacháin

**A1.31** Déanann Rialachán 17 de na Creat-Rialacháin rialú ar an mbainistíocht ar mhinicíochtaí raidió le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonacha. Ceanglaítear le Rialachán 17(1) go gcinnteoidh ComReg, faoi réir aon ordachán arna n-eisiúint ag an Aire de bhun Alt 13 d'Acht 2002 agus ag féachaint dá chuspóirí faoi Alt 12 d'Acht 2002 agus Rialachán 16 de na Creat-Rialacháin agus forálacha Airteagal 8a den Chreat-Treoir:[120]

- bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar na minicíochtaí raidió le haghaidh na na seirbhísí cumarsáide leictreonacha;
- go mbunófaí leithdháileadh an speictrim a úsáidtear le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonacha agus údaruithe ginearálta nó cearta úsáide aonair do mhinicíochtaí raidió á bhíonn eisithe ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha; agus
- a chinntiú go ndéanfar comhoiriúnú ar úsáid speictrim radaimhinicíochta ar fud an Aontais a chur chun cinn, agus é comhsheasmhach leis an ngá atá ann a chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach agus éifeachtúil as ar mhaithe leis an tomhaltóir amhail barainneachtaí scála agus inoibritheacht idir seirbhísí, agus aird á thabhairt ar na cinntí agus na bearta uile arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le Cinneadh Uimh.

120 Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil Airteagal 4 den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach curtha in ionad an Airteagail seo go héifeachtach anois.

676/2002/EC de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialála le haghaidh beartas speictrim raidió san Aontas Eorpach.

**A1.32** Foráiltear le Rialachán 17(2), mura bhforáiltear a mhalairt i Rialachán 17(3), nach mór do ComReg a chinntiú go bhféadfar gach cineál teicneolaíochta a úsáidtear le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonacha a úsáid sna bandaí radaimhinicíochta a dhearbhaítear a bheith ar fáil le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonaí sa Phlean Radaimhinicíochta a foilsíodh faoi Alt 35 d'Acht 2002 de réir dhlí an AE.

**A1.33** Foráiltear le Rialachán 17(3), d'ainneoin Rialachán 17(2), go bhféadfaidh ComReg, trí choinníollacha ceadúnais nó ar shlí eile, foráil a dhéanamh maidir le srianta comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha ar na cineálacha líonraí raidió nó teicneolaíochtaí rochtana gan sreang a bhíonn in úsáid le haghaidh cumarsáid leictreonach a chur ar fáil, i gcás gur gá é sin a dhéanamh ar mhaithe le—

- trasnaíocht dhíobhálach a sheachaint,
- an tsláinte phoiblí a chosaint ar réimsí leictreamaighnéadacha,
- caighdeán teicniúil na seirbhíse a chinntiú,
- a chinntiú go mbaintear an oiread úsáid chomhroinnte agus is féidir as minicíochtaí raidió,
- cosaint a thabhairt don úsáid éifeachtúil as speictrim, nó
- a chinntiú go gcomhlíontar an chuspóir leasa ghinearálta mar atá sainithe ag an Rialtas nó ag Aire den Rialtas nó thar a c(h)eann de réir Rialachán 17(6).

**A1.34** Ceanglaítear le Rialachán 17(4), mura bhforáiltear a mhalairt i Rialachán 17(5), nach mór do ComReg a chinntiú go bhféadfar gach cineál seirbhís cumarsáide leictreonach a sholáthar sna bandaí radaimhinicíochta, agus é dearbhaithe go bhfuil siad ar fáil le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonacha sa Phlean Radaimhinicíochta a foilsíodh faoi Alt 35 d'Acht 2002 de réir dhlí an AE.

**A1.35** Foráiltear le Rialachán 17(5), d'ainneoin Rialachán 17(4), go bhféadfaidh ComReg foráil a dhéanamh maidir le srianta comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha ar na cineálacha seirbhísí cumarsáide leictreonacha atá le soláthar, lena n-áirítear nuair is gá, ceanglas a chomhlíonadh faoi Rialacháin Raidió Aontas Teileachumarsáide ITU.

**A1.36** Ceanglaítear le Rialachán 17(6) nach mór údar cuí a thabhairt i gcás bearta lena gceanglaítear seirbhís chumarsáide leictreonach a sholáthar i mbanda sonrach atá ar fáil le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonacha d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar cuspóir leasa ghinearálta mar atá sainithe ag an Rialtas nó ag Aire de chuid an Rialtais nó thar a c(h)eann i gcomhréir le dlí an AE amhail, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas—

- sábháilteacht beatha,
- comhtháthú sóisialta, réigiúnach nó críche a chur chun cinn,
- úsáid neamhéifeachtúil as minicíochtaí raidió a sheachaint, nó
- éagsúlacht chultúrtha agus teanga agus iolrachas sna meán a chur chun cinn, trí, mar shampla, seirbhísí craolacháin raidió agus teilifíse a sholáthar.

**A1.37** Foráiltear le Rialachán 17(7) nach bhféadfaidh ComReg toirmeasc a chur ar aon seirbhísí cumarsáide leictreonacha eile á bheith á soláthar i mbanda minicíochta speictrim raidió ar leith ach amháin sa chás go mbeadh bunús cirt le toirmeasc den chineál sin mar gheall ar an ngá a bheadh le cosaint a thabhairt do sheirbhísí beatha. Féadfaidh ComReg, ar bhonn eisceachtúil, cuir le beart den chineál sin d'fhonn cuspóirí leasa ghinearálta eile a chomhlíonadh mar atá sainithe ag an Rialtas nó ag Aire de chuid an Rialtais nó thar a c(h)eann.

**A1.38** Foráiltear le Rialachán 17(8) nach mór do ComReg, de réir Rialachán 18, athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a riachtanaí atá na srianta dá dtagraítear i Rialacháin 17(3) agus 17(5) agus is gá dó torthaí na n-athbhreithnithe sin a chur ar fáil go poiblí.

**A1.39** Foráiltear le Rialachán 17(9) nach mbeidh feidhm ag Rialacháin 17(2) go (7) ach amháin mar a bhaineann le speictream a leithdháiltear le n-úsáid le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonacha, údaruithe ginearálta a eisítear agus cearta úsáide aonair le haghaidh minicíochtaí raidió a bhronntar tar éis an 1 Iúil 2011. Tá leithdháiltí speictrim, údaruithe ginearálta agus cearta úsáide aonair a bhí ann cheana féin faoi Chreat-Rialacháin an 1 Iúil 2011 faoi réir Rialachán 18.

**A1.40** Foráiltear le Rialachán 17(10) go bhféadfaidh ComReg, ag tabhairt aird ar a chuspóirí faoi Alt 12 d'Acht 2002 agus faoi Rialachán 16 agus a fheidhmeanna faoi na Rialacháin Shonracha, rialacha a leagan síos chun cosc a chur ar speictrim a bheith á chnuasach, go háirithe trí spriocdhátaí dochta a leagan síos maidir le sealbhóir na gceart úsáid éifeachtach a bhaint as na cearta úsáide agus na cearta úsáide a tharraingt siar mura gcomhlíontar na spriocdhátaí. Caithfear aon rialacha a leagtar síos faoin Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach.

**A1.41** Ceanglaítear le Rialachán 17(11) ar ComReg, agus a chuid oibleagáidí faoin Rialachán sin á gcomhlíonadh aige, meas a léiriú ar chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Rialacháin Raidió ITU agus aon cheisteanna a bhainfeadh le beartais phoiblí a chuirfeadh an tAire ar a shúile dó.

## Rialacháin um Údarú

### Cinneadh maidir le cearta úsáide minicíochtaí raidió a theorannú

**A1.42** Foráiltear le Rialachán 9(2) de na Rialacháin um Údarú go bhféadfaidh ComReg cearta úsáide aonair a dheonú do mhinicíochtaí raidió trí cheadúnas i gcás ina measann sé go bhfuil ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas infheidhme:

- tá sé riachtanach d'fhonn trasnaíocht dhíobhálach a sheachaint,
- tá sé riachtanach d'fhonn caighdeán teicniúil na seirbhíse a chinntiú,
- tá sé riachtanach d'fhonn cosaint a thabhairt d'úsáid éifeachtúil as speictream, nó
- tá sé riachtanach d'fhonn cuspóirí eile leasa ghinearálta a chomhlíonadh mar atá sainithe ag an Rialtas nó ag Aire de chuid an Rialtais nó thar a c(h)eann i gcomhréir le dlí an AE.

**A1.43** Foráiltear le Rialachán 9(10) de na Rialacháin um Údarú nár cheart do ComReg teorainn a chur le líon na gceart úsáide as minicíochtaí raidió atá le bronnadh ach amháin sa chás go mbeadh gá leis d'fhonn a chinntiú go n-úsáidfí an mhinicíochtaí raidió ar bhealach éifeachtúil i gcomhréir le Rialachán 11.

**A1.44** Foráiltear le Rialachán 9(7) freisin:

i gcás ina mbronntar cearta úsáide aonair i leith minicíocht raidió ar feadh tréimhse 10 mbliana nó níos faide agus nach gceadaítear na cearta sin a aistriú ná a thabhairt ar léas idir gnóthais i gcomhréir le Rialachán 19 de na Rialacháin Réime, ní mór do ComReg a chinntiú go mbeidh feidhm ag na critéir a leagtar amach i Rialachán 9(2) ar feadh tréimhse na gceart úsáide, go háirithe má thagann iarratas a bhfuil bunús cirt léi ó shealbhóir an chirt.

i gcás ina gcinnfeadh ComReg nach raibh feidhm a thuilleadh ag na critéir dá dtagraítear i Rialachán 9(2) maidir le ceart úsáide as minicíochtaí raidió, ní mór do ComReg, tar éis tréimhse réasúnta agus tar éis fógra a bheith tugtha do shealbhóir na gceart úsáide aonair, na cearta úsáide aonair a athrú go húdarú ginearálta nó is gá dó a chinntiú go bhfuil na cearta úsáide aonair inaistrithe nó gur féidir iad a thabhairt ar léas idir gnóthais i gcomhréir le Rialachán 19 de na Creat-Rialacháin.

### Nósanna imeachta a fhoilsiú

**A1.45** Ceanglaítear le Rialachán 9(4)(a) de na Rialacháin um Údarú go mbunóidh ComReg, agus é ag tabhairt aird ar fhorálacha Rialachán 17 de na Rialacháin Réime, nósanna imeachta atá oscailte, oibiachtúil, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach maidir le cearta úsáide a bronnadh le haghaidh minicíochtaí raidió agus aon nósanna imeachta den chineál sin a bheith curtha ar fáil go poiblí.

### Fad na gceart úsáide as minicíochtaí raidió

**A1.46** Foráiltear le Rialachán 9(6) de na Rialacháin um Údarú nach mór cearta úsáide as minicíochtaí raidió a bheith i bhfeidhm ar feadh cibé tréimhse a mheasann ComReg a bheith oiriúnach ag tabhairt aird ar an líonra nó an tseirbhís lena mbaineann i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le tréimhse iomchuí a cheadú le haghaidh amúchadh infheistíochta.

### Coinníollacha a ghabhann le cearta úsáide as minicíochtaí raidió

**A1.47** Foráiltear le Rialachán 9(5) de na Rialacháin um Údarú, agus cearta úsáide á mbronnadh aige le haghaidh minicíochtaí raidió, nach mór do ComReg, agus é ag tabhairt aird ar fhorálacha Rialacháin 17 agus 19 de na Rialacháin Réime, a shonrú an bhféadfaidh an sealbhóir na cearta sin a aistriú agus na coinníollacha faoina bhféadfaí aistriú den chineál sin a dhéanamh.

**A1.48** Foráiltear le Rialachán 10(1) de na Rialacháin um Údarú, d'ainneoin Alt 5 den Acht Radio-Thelegrafaíochta, 1926, ach faoi réir aon rialachán faoi Alt 6 den Acht sin, nach bhféadfaidh ComReg aon choinníollacha seachas na coinníollacha sin atá liostaithe i gCuid B den Sceideal a théann leis na Rialacháin um Údarú a chur leis na Rialacháin um Údarú. Liostaítear i gCuid B na coinníollacha seo a leanas a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le cearta úsáide:

- An oibleagáid an tseirbhís a sholáthar nó an cineál teicneolaíochta a úsáid ar bronnadh na cearta úsáide as an minicíocht ina leith, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, ceanglais i leith chumhdach agus caighdeáin.
- Minicíochtaí a úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil i gcomhréir leis an Treoir Réime agus leis na Rialacháin Réime.
- Na dálaí teicniúla agus oibríochtúla atá riachtanach chun trasnaíocht dhíobhálach a sheachaint agus nochtadh an phobail i gcoitinne do réimsí leictreamaighnéadacha a laghdú, sa chás nach ionann na coinníollacha sin agus na coinníollacha a áirítear san údarú ginearálta.
- Fad uasta i gcomhréir le Rialachán 9, faoi réir aon athruithe sa phlean náisiúnta minicíochta.
- Cearta a aistriú bunaithe ar threallús shealbhóir na gceart agus coinníollacha an aistrithe sin i gcomhréir leis an Treoir Réime.
- Táillí úsáide i gcomhréir le Rialachán 19.
- Aon ghealltanais a thug an gnóthas a bhfuil an ceart úsáide á fháil aige le linn nós imeachta roghnúcháin iomaíoch nó comparáideach.
- Oibleagáidí faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha a bhaineann le minicíochtaí a úsáid.
- Oibleagáidí a bhaineann go sonrach le minicíochtaí raidió a úsáid ar bhonn trialach.

**A1.49** Ceanglaítear le Rialachán 10(2) freisin go gcaithfidh aon cheangal coinníollacha faoi Rialachán 10(1) a théann le cearta úsáide as minicíochtaí raidió a bheith neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus trédhearcach agus i gcomhréir le Rialachán 17 de na Rialacháin Réime.

### Nósanna imeachta maidir le teorainn a chur le líon na gceart úsáide atá le bronnadh le haghaidh minicíochtaí raidió

**A1.50** Foráiltear le Rialachán 11(1) de na Rialacháin um Údarú, i gcás ina measann ComReg gur cheart líon na gceart úsáide atá le bronnadh le haghaidh minicíochtaí raidió a theorannú, nach mór dó, gan dochar d'Ailt 13 agus 37 d'Acht 2002:

- aird chuí a thabhairt ar an ngá atá ann go mbeadh an oiread tairbhe agus is féidir á fháil as ag úsáideoirí agus go ndéanfaí forbairt na hiomaíochta a éascú, agus

- deis a thabhairt do gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear úsáideoirí agus tomhaltóirí, a dtuairimí a chur in iúl i gcomhréir le Rialachán 12 de na Rialacháin Réime.

**A1.51** Ceanglaítear le Rialachán 11(2) de na Rialacháin um Údarú go ndéanfadh ComReg é seo, agus an líon teoranta ceart úsáide do mhinicíochtaí raidió atá cinnte aige á ndeonú aige"…*ar bhonn critéar roghnúcháin atá oibiachtúil, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus a thugann aird chuí ar bhaint amach na gcuspóirí atá leagtha amach in Alt 12 d'Acht 2002 agus i Rialacháin 16 agus 17 de na Creat-Rialacháin.*"

**A1.52** Foráiltear le Rialachán 11(4), sa chás go gcinneann sé nósanna imeachta roghnúcháin iomaíocha nó comparáideacha a úsáid, nach mór do ComReg, inter alia, a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta sin cothrom, réasúnach, oscailte agus trédhearcach do gach páirtí leasmhar.

### Táillí i dtaca le cearta úsáide speictrim

**A1.53** Ceadaíonn Rialachán 19 de na Rialacháin um Údarú do ComReg táillí a fhorchur ar chearta úsáide, rud a léiríonn a riachtanaí atá sé a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as an speictrim radaimhinicíochta.

**A1.54** Ceanglaítear ar ComReg a chinntiú go bhfuil bonn cirt oibiachtúil le haon táillí den chineál, go bhfuil siad trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach maidir leis an gcuspóir a beartaíodh dóibh agus go gcuirtear san áireamh cuspóirí ComReg mar atá leagtha amach in Alt 12 d'Acht 2002 agus i Rialachán 16 de na Creat-Rialacháin.

### Leasuithe ar Chearta agus ar Oibleagáidí

**A1.55** Le Rialachán 15 de na Rialacháin um Údarú, ceadaítear do ComReg cearta agus coinníollacha a bhaineann le cearta úsáide a leasú, ar an gcoinníoll nach bhféadfar leasuithe den chineál sin a dhéanamh ach amháin ar bhealach comhréireach, i gcásanna a bhfuil údar oibiachtúil leo, ag cloí leis an bpróisis a leagtar síos i Rialachán 15(4).

## Forálacha Ábhartha Eile

### An tAcht Radio-Thelegrafaíochta, 1926 arna leasú

**A1.56** Faoi Alt 5(1) d'Acht 1926, féadfaidh ComReg, faoi réir an Achta sin, agus ar na táillí forordaithe (más ann dóibh) a bheith íoctha, ceadúnas a bhronnadh ar aon duine chun gaireas le haghaidh raidió-theileagrafaíochta a choimeád agus a bheith ina seilbh in aon áit a shonraítear sa Stát.

**A1.57** Foráiltear le hAlt 5(2), go mbeidh ceadúnas den chineál i cibé foirm, i bhfeidhm ar feadh cibé tréimhse agus go mbeidh sé faoi réir cibé coinníollacha agus srianta (lena n-áirítear coinníollacha maidir le fionraí agus cúlghairm) a fhorordófar ina leith le rialacháin arna ndéanamh ag ComReg faoi Alt 6.

**A1.58** Foráiltear le hAlt 5(3) freisin, i gcás ina bhfeictear do ComReg gur cuí sin, go bhféadfaidh sé, ar mhaithe le húsáid éifeachtúil ordúil a bheith bainte as raidió-theileagrafaíochta, teorainn a chur le líon na gceadúnas d'aon aicme nó aicmí áirithe gaireas le haghaidh raidió-theileagrafaíochta arna mbronnadh faoi Alt 5.

**A1.59** Forálann Alt 6 go bhféadfaidh ComReg rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas maidir le gach ceadúnas a dheonaíonn sé faoi Alt 5, nó aon aicme nó aicmí ar leith de cheadúnais chineál sin:

- cineál na gceadúnas sin,
- an tréimhse a mbeidh na ceadúnais sin i bhfeidhm,
- an chaoi a bhféadfar, na téarmaí faoina bhféadfar, agus an tréimhse nó na tréimhsí lena linn a fhéadfar na ceadúnais sin a athnuachan,
- na cúinsí ina mbronnfar na ceadúnais sin nó na téarmaí faoina mbronnfar iad,
- na cúinsí agus an bealach a bhféadfaidh ComReg ceadúnais den chineál sin a chur ar fionraí nó a tharraingt siar,

- na téarmaí agus na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh ag sealbhóirí na gceadúnas sin agus na coinníollacha faoina réir a mheastar na ceadúnais sin a bheith bronnta,
- na táillí a bheidh le n-íoc agus na ceadúnais sin, nó aicmí ceadúnas den chineál sin, á n-iarraidh, á mbronnadh nó á n-athnuachan faoi réir cibé eisceachtaí a fhorordóidh ComReg, agus an tráth agus an modh a n-íocfar na táillí sin, agus
- nithe nach gceadaítear don sealbhóir a dhéanamh faoin ceadúnais sin ná nach n-údaraítear don sealbhóir iad a dhéanamh.

**A1.60** Forálann Alt 6(2) go bhféadfaidh Rialacháin arna ndéanamh ag ComReg faoi Rialachán 6 údarú a thabhairt agus foráil a dhéanamh maidir le ceadúnas a bhronnadh faoi Alt 5 faoi réir téarmaí, coinníollacha agus srianta speisialta do dhaoine a bhfuiltear sásta go dteastaíonn na ceadúnais uathu chun turgnaimh a dhéanamh a bhaineann le cúrsaí raidió-theileagrafaíocht agus sin amháin.

## Acht Craolacháin na hÉireann 2009 (“Acht 2009”)

**A1.61** Baineann Alt 132 d’Acht 2009 le dualgais ComReg maidir le ceadúnú speictrim lena úsáid chun ilphléacsanna digiteacha teilifíse trastíre a bhunú agus cuireann sé de dhualgas ar ComReg iad seo a leanas a eisiúint:

- dhá cheadúnas ilphléacs DTT do RTÉ ar iarratas (féach Ailt 132(1) agus (2) d’Acht 2009); agus
- ceithre cheadúnas ilphléacs DTT ar a laghad do BAI ar iarratas (féach Ailt 132 (3) agus (4) d’Acht 2009) maidir le hábhar tráchtála teilifíse a sholáthar.

## Airteagal 4 de Threoir 2002/77/CE (Treoir iomaíochta)

**A1.62** Foráiltear le hAirteagal 4 den Treoir Iomaíochta:

*“Gan dochar do chritéir agus do nósanna imeachta sonracha arna nglacadh ag na Ballstáit chun cearta úsáide minicíochtaí raidió a dheonú do sholáthraithe seirbhísí ábhair chraolta raidió nó teilifíse d’fhonn cuspóirí leasa ghinearálta a shaothrú i gcomhréir le dlí an Chomhphobail:*

- Nach ndeonóidh na Ballstáit cearta eisiacha ná cearta speisialta maidir le húsáid minicíochtaí raidió chun seirbhísí cumarsáide leictreonacha a sholáthar.
- Go mbeidh sannadh minicíochtaí raidió le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonacha bunaithe ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha.”

An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**
Commission for
**Communications Regulation**

**An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide**
**Commission for Communications Regulation**

1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, BÁC 1, Éire, D01 E4X0.
One Dockland Central, Guild Street, Dublin 1, Ireland, D01 E4X0.

Teil | Tel +353 1 804 9600
Rphost | Email marketframeworkconsult@comreg.ie
Suíomh | Website www.comreg.ie

designed by Wonder Works